

AN COIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tuarascáil Bhliantúil 2005

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Clár

Réamhfhocal **02**
Réamhrá leis an gCathaoirleach **02**

Caibidil 1 **04**
Achtanna um Eitic 05
Raon na nAchtanna um Eitic 05
Gearáin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin 07
Gearáin i gcoinne Sealbhóirí Oifige 07
Fiosrúcháin Féinthionscnaithe 08
Forálacha maidir le hImréiteach Cánach 09
An Seasamh i ndáil leis an Teachta Michael Collins 10
Cóid Iompraíochta 11

Caibidil 2 **14**
Na hAchtanna Toghcháin 15
Tabhartais 15
Cionta a ionchúisíodh faoi alt 25 d'Acht Toghcháin 1997 17
Acht Toghcháin (Leasú) 2005 17
Fothoghcháin Dála Chill Dara Thuaidh agus na Mí an 11 Márta 2005 18
Aonaid Chuntasaíochta 19
Tríú Páirtithe 20

Caibidil 3 **22**
Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste 23
Maoiniúchán faoi na hAchtanna Toghcháin 23
Maoiniúchán faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí 24

Caibidil 4 **26**
Saincheisteanna Ginearálta 27
An Coimisiún um Chaighdeáin i láthair Chomh-Choiste an Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí 27
Athdhearadh shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin 27

Caibidil 5 **28**
Saoráil Faisnéise 29
Iarratais ar Fhaisnéis i rith 2005 29
Lámhleabhar maidir le hAlt 15/16 29
Cosc ar Fhaisnéis a Nochtadh 29

Caibidil 6 **30**
Costais in 2005 **31**

AGUISÍN **32**
AGUISÍN 1 - Liosta tríú páirtithe atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin 33
AGUISÍN 2 - Foilseacháin an Choimisiúin um Chaighdeáin in 2005 33
AGUISÍN 3 - Moltaí maidir le hathruithe ar an Reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin 34

Réamhfhocal

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i gcomhair 2005 a chur ar fáil don Aire Airgeadais.

Matthew P. Smith, Breitheamh
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2006

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Bhí 2005 ar an gceathrú bliain iomlán a bhí an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) ag feidhmiú agus chonacthas gur thug an Aire Airgeadais rialacháin isteach lenar méadaíodh, le héifeacht ó 1 Eanáir 2006, líon na gcomhlachtaí sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí atá faoi chuimsiú raon na nAchtanna um Eitic ó thart ar 400 go dtí 470. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh ghealltanas na Roinne leis na rialacháin a choinneáil cothrom le dáta. Tá sé tábhachtach gur chóir go sroichfeadh lámh na reachtaíochta chomh fada le gach comhlacht a mhaoinítear as cistí poiblí. Sa tuarascáil seo, leagann an Coimisiún béim ar an ngá leis an reachtaíocht a fheidhmiú go comhleanúnach, san earnáil sláinte a mhaoinítear as cistí poiblí ach go háirithe.

Féadtar gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic má mheastar go bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe. Leagtar mionsonraí amach ar na daoine a fhéadfaidh gearán a dhéanamh in Alt 22 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí; cé go bhfuil forálacha an ailt ábhairín teicniúil, féadfaidh duine ar bith gearán a dhéanamh faoi reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith sáraithe ag, mar shampla, sealbhóirí oifige nó sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe nó post ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí. Tugtar roinnt samplaí ar ghearáin den sórt sin sa tuarascáil seo. Mura bhfaigheann an Coimisiún um Chaighdeain gearán, tá srian air, a bheag nó a mhór, ó thaobh na gcéimeanna go bhféadfaidh sé a ghlacadh má thagann sé ar eolas go bhféadfadh an reachtaíocht um Eitic a bheith sáraithe. Is mian leis an gCoimisiún béim a leagan arís ar an ngá an reachtaíocht a leasú ionas go bhféadfaidh sé Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúcháin a dhéanamh sa chás gur mhian leis an gCoimisiún leanúint le scéal faoin reachtaíocht ach nach bhfuil gearán faighte aige. Ní bhainfeadh an Coimisiún úsáid as cumhacht féinthionscnaithe den sórt sin chun imscrúdú a dhéanamh ach amháin sna cúinsí is eisceachtúla amuigh. Tá roinnt moltaí déanta ag an gCoimisiún maidir le leasuithe eile ar an reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin araon; déantar achoimre ar roinnt díobh sin in Aguisín 3.

Na Comhaltaí

An Breitheamh Matthew P. Smith
Cathaoirleach

Deirdre Lane
Cléireach an tSeanaid

Tugtar roinnt mionsonraí i gCaibidil 1 den tuarascáil seo ar an seasamh i ndáil le Michael Collins, Teachta. Tugadh aird ar an scéal sin i dtuarascálacha an Choimisiúin um Chaighdeáin i gcomhair 2003 agus 2004 freisin. Is cosúil go bhfuil an scéal fós á bhreithniú ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ag an nGarda Síochána agus níl aon leid ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le cathain a thiocfar ar chinneadh ina leith. Tá an Coimisiún buartha faoin achar ama a bhain leis agus áitíonn sé go réiteofar an scéal gan a thuilleadh moille.

Ina Thuarascáil Bhliantúil 2004, léirigh an Coimisiún um Chaighdeáin a aiféala nach raibh tuairimí a bhí curtha le chéile ag an gCoimisiún maidir leis an dréacht-Chód Iompraíochta d'fhostaithe le Údaráis Áitiúla, tógtha ar bord ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Chinn an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód i rith 2005 agus bhí leideanna ann faoi dheireadh na bliana go dtabharfaí aghaidh ar bhuairimh an Choimisiúin. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an gcorr sin sa scéal.

Pléitear i gCaibidil 2 den tuarascáil seo le gníomhaíochtaí an Choimisiúin faoi na hAchtanna Toghcháin agus déantar achoimre inti ar na tabhartais arna nochtadh ag TDeanna, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha i rith na bliana. Pléitear le tabhartais arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta agus ag cuideachtaí sa chaibidil sin freisin. Tar éis tuarascála ón gCoimisiún um Chaighdeáin don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás an iar-Sheanadóra Liam Cosgrave, phléadáil an tUasal Cosgrove ciontach an 17 Deireadh Fómhair 2005 ag Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i gcion a dhéanamh faoi Acht Toghcháin 1997 agus tá sé le pianbhreith a fháil le seirbhís a dhéanamh don phobal, ach dul faoi mheasúnú maidir le hoiriúnacht. Freisin, an 10 Samhain 2005, phléadáil iarrthóir nár éirigh leis ag toghchán 2004 do Pharlaimint na hEorpa, an tUasal Gerard Hannan, ciontach i gcion faoin Acht Toghcháin agus gearradh fíneáil €250 air.

Thug GRECO - Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gCoinne na Caimiléireachta, tuarascáil an dara babhta meastóireachta ar Éirinn aige chun críche i mí na Nollag 2005. I ndáil leis an riarachán poiblí, mhol GRECO go n-athbhreithneofaí an córas reatha táillí atá ann chun teacht ar fhaisnéis oifigiúil faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. D'iarr sé freisin go mbeadh rialacha/treoirlínte soiléire ann maidir le hoifigigh phoiblí a bheith ag tuairisciú cás ina rabhthas faoi amhras maidir le caimiléireacht chomh maith le hoiliúint rialta maidir le caighdeáin iompraíochta agus iompair a mbeifí ag súil leo. Tuairisceoidh GRECO ar bhearta arna ndéanamh ag Éirinn chun a mholtaí a chomhlíonadh i dtreo dheireadh 2007. Tá sé tábhachtach go leanfaidh Éire ar aghaidh lena cuid beart frith-chaimiléireachta a fheabhsú chun muinín an phobail sa bhealach a riartar cúrsaí poiblí, a choinneáil ar bun agus a bhreisiú.

Rud eile a mbaineann tábhacht leis freisin ná cáil idirnáisiúnta na hÉireann sa réimse sin. Moladh lucht déanta beartas na hÉireann i dTuarascáil Dhomhanda Transparency International maidir leis an gCaimiléireacht as ucht na mbeart a bhí déanta go dtí seo ach leagadh béim ar reachtaíocht maidir le daoine a nochtann cáis amhrasacha, mar rud a bhí ríthábhachtach chun "troid i gcoinne inghlacthacht na caimiléireachta in Éirinn, inghlacthacht atá fite fuaite sa chultúr". Cuireadh Éire sa 19ú háit in 2005 in Innéacs Transparency International maidir le hAireachtáil na Caimiléireachta, agus scór 7.4 as 10 aici. Cé go bhfuil an scór sin réasúnta ard ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta, níl sé chomh maith leis na scóir a bhain ár gcomharsana i dTuaisceart na hEorpa amach. Tá Éire sleamhnaithe go héifeachtach ón 11ú tír is lú caimiléireachta agus scór 8.57 aici in 1995, go dtí an áit atá againn faoi láthair. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh staidéar Chóras Ionracais Náisiúnta Transparency International ar Éirinn a reáchtálfar i rith 2006. Soláthróidh an staidéar an chéad mheasúnú domhain ar chumas ár ndlíthe agus ár n-institiúidí chun teacht roimh an gcaimiléireacht agus ba chóir go soláthródh sé pictiúr níos soiléire ar na hathchóirithe breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

Faoi dheireadh, mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-chomhaltaí ar an gCoimisiún um Chaighdeáin as an méid a rinne siad i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rúnaí an Choimisiúin freisin, David Waddell, a tháinig isteach linn i mí na Nollag 2005 agus lena réamhtheachtaí, Brian Allen, as ucht a ndíograise agus a ndiongbháilteachta. Tá Rúnaíocht an Choimisiúin tar éis freastal go maith orainn i rith na bliana freisin agus gabhaimid buíochas ó chroí leo.

Liam Kavanagh
Iar Bhall de Dháil Éireann

John Purcell
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Kieran Coughlan
Cléireach na Dála

Emily O'Reilly
Ombudsman

Caibidil 1

Na hAchtanna um Eitic

Le linn 2005, lean an Coimisiún um Chaighdeáin dá mhaoirseacht ar an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (Acht 1995) agus ar an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 (Acht 2001), ar a dtugtar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) orthu in éineacht le chéile. Baineann a chuid oibre sa réimse sin go príomha le treoirlínte agus comhairle a sholáthar dóibh súid áta faoi réir na hAchtanna um Eitic, maoirseacht a dhéanamh ar mar a nochtann siad leasanna, riaradh a dhéanamh ar mar a chomhlíontar oibleagáidí cánach faoi na hAchtanna um Eitic a bhaineann le comhaltaí dhá Theach an Oireachtais agus le seirbhísigh phoiblí shinsearacha, cód iompraíochta a fhoilsiú agus, sa chás gur gá, imscrúdú a dhéanamh ar cháis ina líomhnaítear gur sáraíodh na hAchtanna um Eitic.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara nách bhfuil an tairiscint chuí tionscanta ag an Aire Airgeadais i dTithe an Oireachtais chun Cathaoirligh Choistí an Oireachtais a ainmniú mar shealbhóirí oifige, á gcur mar sin faoi réir ag an Acht i leith na bpost sin. Chuirfeadh an Coimisiún um Chaighdeáin fáilte roimh athrú den sórt sin, a bheadh ag teacht le leathnú na nAchtanna um Eitic i réimsí eile den tSeirbhís Phoiblí.

Sa chaibidil seo den tuarascáil, tugann an Coimisiún um Chaighdeáin cuntas ar a chuid gníomhaíochtaí faoi na hAchtanna um Eitic in 2005, lena n-áirítear feidhmiú na nAchtanna um Eitic a leathnú amach tuilleadh chuig roinnt comhlachtaí poiblí san earnáil leathstáit. Sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin treoir agus comhairle do stiúrthóirí ainmnithe agus do shealbhóirí post ainmnithe sna comhlachtaí sin, ag leagan a n-oibleagáidí amach faoin reachtaíocht. Cuirtear chun suntais sa chaibidil seo freisin an gá go gcinnteodh na comhlachtaí poiblí sin go gcuirfear daoine a cheaptar in oifigí sinsearacha laistigh de na comhlachtaí ar an eolas mar gheall ar a n-oibleagáidí maidir le himréiteach cánach. Soláthraítear faisnéis maidir le meicníochtaí gearán na nAchtanna um Eitic agus maidir leis na cumhachtaí a bhíonn ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin chun déileáil le cáis ina líomhnaítear gur sáraíodh an reachtaíocht. Tá tráchtaireacht maidir le forbairtí a bhaineann le cóid eile iompraíochta atá infheidhmithe i leith na seirbhíse poiblí, curtha san áireamh freisin.

Raon na nAchtanna um Eitic

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh dhá thacar rialachán a tugadh isteach in 2005 agus a bhí sínithe ag an Aire Airgeadais faoi Acht 1995. Is iad na rialacháin sin ná Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) Rialacháin (Leasú) 2005 (I.R. Uimh. 673 de 2005), lena bhforordaítear poist ainmnithe i Ranna agus in Oifigí na Státseirbhíse agus Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe dá gcuid agus Poist i gComhlachtaí Poiblí) 2005 (I.R. Uimh. 672 de 2005), lena bhforordaítear comhlachtaí poiblí, stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe in eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne. Leasaíonn na rialacháin nua, ar tháinig éifeacht leo an 1 Eanáir 2006, rialacháin a rinneadh roimhe sin in 2004, agus tugann cothrom le dáta iad. Méadaíonn na rialacháin nua líon na gcomhlachtaí forordaithe sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí atá faoi chuimsiú raon na nAchtanna um Eitic ó beagnach 400 go dtí thart ar 470. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh ghealltanas na Roinne Airgeadais leis na rialacháin a choinneáil cothrom le dáta.

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2004, thug an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara nach raibh ach poist áirithe sna 35 Bhord Fiontair Cathrach agus Contae, na Príomhfheidhmeannaigh go príomha, forordaithe mar phoist ainmnithe chun críocha na nAchtanna um Eitic agus nach raibh comhaltaí na mBord sin forordaithe mar stiúrthóirí ainmnithe agus nach raibh siad clúdaithe faoin reachtaíocht dá réir sin. Forordaíonn na rialacháin nua comhaltacht ar na boird sin mar stiúrthóireachtaí ainmnithe anois; forbairt eile é sin a bhfáiltíonn an Coimisiún roimpi.

Leathnú an-suntasach eile a rinneadh ar na hAchtanna um Eitic ná gur cuireadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san áireamh sna Rialacháin. In éineacht le sé cinn de bhoird ospidéil arna mbunú ag an Aire Sláinte (Ospideál Beaumont, Ospidéal Thamhlachta, Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath, Ospidéal Phairc Bhaile Na Lobhar, Ospidéal Naomh Shéamais agus Ospidéal Naomh Lúcás), beidh líon mór daoine a bhfuil lámh acu san earnáil sláinte faoi réir fhorálacha na reachtaíochta anois. Tá

an sé hospidéal a luadh curtha san áireamh toisc go dtagann siad faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar chomhlacht poiblí faoi chuimsiú chiall na nAchtanna um Eitic toisc gur bunaíodh le hachtachán iad. Níl roinnt ospidéal poiblí deonach amhail Ospidéal Naomh Uinseann, Ospidéal Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoile na Trócaire, curtha san áireamh sna rialacháin toisc nach dtagann siad faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar chomhlacht poiblí. Faoi na hAchtanna um Eitic, bíonn an tAire Airgeadais in ann aon chomhlacht, eagraíocht nó ghrúpa eile a dhéantar a airgeadú go hiomlán, nó cuid de, as cistí arna soláthar ag an Oireachtas, a fhorordú mar chomhlacht poiblí chun críocha na reachtaíochta, más cóir, dar leis an Aire, comhlacht den sórt sin a fhorordú ar an gcaoi sin ar mhaithe le leas an phobail agus aird á tabhairt ar fhorálacha agus spiorad an Achta. Chuirfeadh sé sin, faoi seach, ar chumas an Aire stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe sna comhlachtaí sin a fhorordú ionas go bhfeidhmeofar na forálacha de na hAchtanna um Eitic maidir le leasanna srl. a nochtadh, go comhleanúnach trasna na hearnála sláinte a mhaoinítear as cistí poiblí.

Foráiltear le hAcht 1995 go bhféadfaidh an tAire stiúrthóireachtaí agus poist fhostaíochta i gcomhlachtaí poiblí a fhorordú chun críocha na nAchtanna um Eitic má mheasann sé go bhfuil sé riachtanach amhlaidh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail ionas go gcinnteofar, i gcás go bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn, dar leis an Aire, idir leas atá i seilbh stiúrthóra nó fostaí agus leas an phobail, nach bhfeidhmeofar an fheidhm gan an leas a bheith nochtaithe.

Cé go bhfuil líon na gcomhlachtaí poiblí atá faoi chuimsiú shainchúram na nAchtanna um Eitic tar éis a bheith leathnaithe go suntasach le dhá bhliain anuas, tá roinnt eagraíochtaí a mhaoinítear as cistí poiblí fós ann nach bhfuil a gcuid stiúrthóirí nó fostaithe faoi réir ag forálacha na reachtaíochta maidir le leasanna srl. a nochtadh. Tá leideanna faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin go raibh roinnt iarrachtaí ar siúl i ranna agus i gcomhlachtaí rialtais le cur i gcoinne na comhaltaí ar bhoird chomhairleacha a bheith á bhforordú mar stiúrthóirí ainmnithe chun críocha na nAchtanna um Eitic ar an mbonn nach stiúrthóirí atá iontu. Tagraíonn an sainmhíniú ar "stiúrthóir" sna hAchtanna um Eitic do stiúrthóir faoi chuimsiú chiall Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 1990, ach áiríonn sé freisin, i gcás comhlachta poiblí nach cuideachta é "duine atá ina chomhalta de nó comhalta d'aon bhoird nó aon chomhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann é". Toisc gur féidir a shamhlú go bhféadfaidh coimhlint leasa teacht chun cinn do chomhalta de bhord comhairleach den sórt sin le linn dó nó di a bheith ag feidhmiú a f(h)eidhmeanna, ní mór aird chuí a thabhairt ar an gceist cibé an mbeadh sé le leas an phobail nach nochtófaí coimhlint leasa den sórt sin de réir fhorálacha na reachtaíochta.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara freisin nár leathnaíodh sainchúram na nAchtanna um Eitic go fóill chun na comhlachtaí forfheidhmithe thuaidh/theas a chlúdach. Bhunaigh Rialtais na hÉireann agus na Breataine na comhlachtaí chun beartais arna gcomhaontú ag airí sa Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas a chur i ngníomh. Is iad na comhlachtaí sin ná Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (le bheith comhdhéanta de Ghníomhaireacht na Soilse agus de Ghníomhaireacht na Lochanna ach nach mbeidh ach Gníomhaireacht na Lochanna i mbun feidhme ina measc), InterTradeIreland, an Comhlacht Teanga Thuaidh/Theas (arna chomhdhéanamh de Tha Boord o Ulster-Scotch agus d'Fhoras na Gaeilge), Safefood: an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus Uiscebhealaí Éireann. Bunaíodh cuideachta phoiblí theoranta, Turasóireacht Éirinn, lena chois sin, chun oileán na hÉireann a mhargú go hidirnáisiúnta. Tá feidhmeanna a bhíodh á bhfeidhmiú ag dhá chomhlacht roimhe, Coimisiún lascaigh an Fheabhail agus Bord na Gaeilge, a bhí faoi chuimsiú shainchúram na nAchtanna um Eitic, glactha ag dhá cheann de na comhlachtaí, Gníomhaireacht na Lochanna agus Foras na Gaeilge faoi seach. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur chóir cuimhneamh ar na comhlachtaí thuasluaite a chur san áireamh faoi chuimsiú raon na nAchtanna um Eitic chomh fada agus a bhaineann sé lena gcuid gníomhaíochtaí laistigh den Stát.

Is mian leis an gCoimisiún um Chaighdeáin béim a leagan freisin ar an ngá go gcinnteodh comhlachtaí poiblí, sa chás go bhfuil stiúrthóireachtaí agus poist fhostaíochta forordaithe mar stiúrthóireachtaí ainmnithe agus phoist ainmnithe, go gcuirfear a bhfreagrachtaí in iúl do dhaoine, a bhfuil oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic orthu i ndáil le leasanna a nochtadh nó le fianaise a sholáthar go bhfuil reachtaíocht chánachais comhlíonta, in am trátha go bhféadfaidh siad na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb ar na daoine aonair atá i gceist atá an bhunfhreagracht as na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Leagann an Coimisiún um Chaighdeáin béim air seo áfach - tá sé ríthábhachtach go gcaithfeadh gach comhlacht poiblí forordaithe go dáiríre leis na hoibleagáidí a ghabhann le stiúrthóirí agus fostaithe ainmnithe faoi na hAchtanna um Eitic. Molann sé mar sin go gcuirfeadh comhlachtaí poiblí faisnéisiú ábhartha san áireamh mar chuid d'oiliúint ionduchtúcháin agus gur chóir go mbeadh nósanna struchtúrtha acu le teagmháil a dhéanamh, uair sa bhliain ar a laghad, le stiúrthóirí agus fostaithe

ainmnithe, le leanúint suas leis an oiliúint chun na céimeanna nach mór a ghlacadh, a chur i gcuimhne dóibh, lena chinntiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht. Le cois an ábhair fhaisnéise ghinearálta a sholáthraíonn sé ar bhonn rialta, bíonn an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú leis an bpróiseas sin agus chun treoir agus comhairle dhíreach a sholáthar maidir le haon saincheist a bhaineann le forálacha na nAchtanna um Eitic faoi mar a bhféadfaidís a bheith infheidhmithe i leith stiúrthóirí agus fhostaithe ainmnithe aonair.

Gearáin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin

Forálann na hAchtanna um Eitic go bhféadfar gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin sa chás go meastar go bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe. Sonraítear le halt 22 d'Acht 1995 na foinsí óna bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gearáin a fháil. Leathnaíodh le halt 4 d'Acht 2001 na cúinsí ina bhféadfar gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar shampla, féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin má mheasann siad go bhféadfadh gníomh a bheith déanta ag duine sonraithe[1] nó ag duine bainteach[2] atá ar neamhréir le feidhmeanna an phoist nó na hoifige atá i seilbh ag an duine sonraithe, a bheith á bhfeidhmiú mar is ceart. Leagtar amach mionsonraí iomlána ar raon na bhforálacha maidir le gearáin sa tábla thíos.

Cé atá in ann gearán a dhéanamh	Ábhar an ghearáin
Duine ar bith	■ Sealbhóir Oifige[3] ■ Duine Sonraithe ■ Duine Bainteach
TD nó Seanadóir	■ Seirbhíseach Poiblí ■ Sealbhóir Oifig
Aire Airgeadais	■ Seirbhíseach Poiblí
Aon Aire (le cead an Aire Airgeadais)	■ Seirbhíseach Poiblí i gcomhlacht sa chás go bhfuil dualgas nó feidhmeanna tugtha ag an Aire sin dó nó di
Comhlacht Poiblí	■ Stiúrthóir ainmnithe an chomhlachta ■ Sealbhóir poist ainmnithe sa chomhlacht
Údarás Cuí[4]	■ Stát seirbhíseach
Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil/Sheanad Éireann	■ TD nó Seanadóir

Nóta[1] : Duine sonraithe:

(i) tá nó, ag an tráth lena mbaineann an gearán atá i gceist, bhí ina s(h)ealbhóir oifige nó s(h)ealbhóir oifig an Ard-Aighne ach nach bhfuil/raibh ina c(h)omhalta;

(ii) tá nó, ag an tráth réamhráite, bhí ina c(h)omhairleoir speisialta nó i seilbh stiúrthóireachta ainmnithe ar chomhlacht poiblí, nó i seilbh poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí; nó

(iii) sealbhaíonn nó, ag an tráth réamhráite, shealbhaigh stiúrthóireacht nó post fostaíochta i gcomhlacht poiblí.

Nóta[2] : duine atá bainteach le duine aonair trí ghaol teaghlaigh nó chaidreamh gnó.

Nóta[3] : Aire Rialtais, Aire Stáit, Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach Dháil/Sheanad Éireann.

Nóta[4] : tríd is tríd an Rialtas mar an t-údarás ceapacháin do thromlach na státseirbhíseach

Sa chéad chás, dhéanfaí gearáin in aghaidh chomhaltaí Dháil Éireann nach sealbhóirí oifige iad leis an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann, agus dhéanfaí gearáin in aghaidh chomhaltaí Sheanad Éireann nach sealbhóirí oifige iad leis an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann, trí Chléireach na Dála ná an tSeanaid, de réir mar is cuí. Cuirfidh an Cléireach an gearán ar aghaidh chuig an gCoiste ábhartha ar an gcoinníoll go bhfuil dóthain fianaise ann chun cás prima facie a bhunú i ndáil le gearán.

Gearáin i gcoinne Sealbhóirí Oifige

Úsáid mhí-oiriúnach as saoráidí ar íocadh astu as cistí poiblí

Fuair an Coimisiún um Chaighdeain roinnt gearán/fiosrúchán in imeacht 2005 maidir le húsáid mhí-oiriúnach a bheith bainte ag sealbhóirí oifige as saoráidí ar íocadh astu as cistí poiblí.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin Cód Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige i mí Iúil 2003, rud a chuir an Rialtas le chéile de réir alt 10(2) d'Acht 2001. Tá an cód deartha chun "...na caighdeáin iompraíochta agus ionracais a léiriú do na daoine a mbaineann sé leo le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna...". Forálann Mír 1.5 den chód gur chóir do shealbhóirí oifige "na caighdeáin iompair is airde a chomhlíonadh agus gníomhú le dea-rún le trédhearcacht, cothroime agus neamhch-

laontacht ag gach tráth chun leas an phobail a chur chun cinn le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna oifigiúla." agus "nach ngníomhóidís ach amháin trí thagairt dá n-oifigí agus go dtiomnóidís acmhainní a n-oifigí ar mhaithe le leas an phobail a chur chun cinn".

Deirtear i Mír 2.2.3 den chód go "gcuirtear saoráidí ar fáil do shealbhóirí oifige ar chostas an phobail ionas gur féidir gnó poiblí a dhéanamh go héifeachtach. Is ceart go mbeadh an úsáid a bhaintear as na saoráidí sin de réir an phrionsabail sin. Bíonn próifíl phoiblí bhreisithe de bhuntáiste ag sealbhóirí oifige poiblí agus ba chóir dóibh a choinneáil i gcuimhne gur gá a sheachaint nach mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealach a d'fhéadfaí a fhorléiriú le réasún mar phróifíl a bheith á hardú ar bhealach mí-oiriúnach i gcomhthéacs Olltoghcháin. Níor chóir úsáid a bhaint as saoráidí oifigiúla ach chun críocha oifigiúla amháin. Ba chóir do shealbhóirí oifige a chinntiú go mbeidh an úsáid a bhaineann siad as saoráidí a chuirtear ar fáil go hoifigiúil, ceaptha chun luach ar airgead a thabhairt don phobal agus aon mhí-úsáid phribhléidí a ghabhann, gan dabht, leis an oifig, a sheachaint".

Tá díomá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin go raibh air déileáil le saincheisteanna den sórt sin arís in 2005. Measann sé gur chóir do shealbhóirí oifige, in éineacht le cinn Rann agus Oifigí Rialtais, a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm atá soiléir agus chuireann in aghaidh agus a thagann roimh aon úsáid mhí-oiriúnach a bhainfear as cistí poiblí chun sochair phearsanta, i dtoghchán nó i gcúrsaí polaitíochta do pháirtí. D'uireasa treoirlínte soiléire, féadfaidh sé bheith réasúnach a bheith ag súil go mbeadh an pobal buartha arís sa chás go dtarlódh sé go mbeidh sealbhóirí oifige le feiceáil i bhfógraíocht phoiblí agus an t-olltoghchán ag teannadh linn agus go bhféadfaí tuilleadh gearán den sórt sin a bheith déanta don Choimisiún um Chaighdeáin.

Aire Stáit ag an Roinn Iompair, Ivor Callely T.D.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán maidir le fógrán don chóras "operation freeflow" lenar leagadh socruithe tráchta agus taistil i mBaile Átha Cliath amach sa tréimhse roimh an Nollaig, agus ina raibh grianghraf den Aire Stáit le feiceáil. Bhí an gearánaí den tuairim go raibh sé ag teacht salach ar alt 2.2.3 den Chód Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige faoi mar a leagadh amach thuas, go raibh an tAire le feiceáil san fhógrán. Agus an scéal meáite aige, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an ngearánaí á chur in iúl nár mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur gá go raibh sé mí-oiriúnach go raibh grianghraf sealbhóra oifige curtha san áireamh i bhfógrán a bhain le ceist a chuimsigh a f(h)eidhmeanna mar shealbhóir oifige. Mheas sé freisin áfach nach raibh forálacha an chóid sách soiléir ionas go ndéanfaí idirdhealú idir úsáid oiriúnach a bheith á baint as grianghraf de shealbhóir oifige mar chuid d'fheachtas fógraíochta riachtanach, agus próifíl a bheith á hardú ar bhealach mí-oiriúnach i gcomhthéacs olltoghcháin. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Taoiseach agus d'iarr go ndéanfaí athbhreithniú ar fhorálacha alt 2.2.3 den Chod Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige ionas go soláthrófar treoirlínte soiléire do shealbhóirí oifige maidir leis na cúinsí inar féidir úsáid a bhaint as acmhainní poiblí ar bhealach lena seachnaítear próifíl a bheith á hardú ar bhealach mí-oiriúnach i gcomhthéacs Olltoghcháin.

Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais, Tom Parlon, T.D.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán maidir leis an Aire Stáit a bheith le feiceáil i bhfógrán lenar tacaíodh le cineál áirithe de bheatha d'ainmhithe. Mheas an gearánaí gur sáraíodh na treoirlínte um eitic do chomhaltaí Thithe an Oireachtais de bharr an tAire a bheith san fhógrán. Agus an scéal meáite aige, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nach mbeach sé oiriúnach imscrúdú a thosú faoi na hAchtanna um Eitic. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig Parlon, Aire, agus chuir a dhearcadh in iúl nár chóir go mbeadh sealbhóir oifige a bhí i mbun oifige bainteach go díreach le tacaíocht do tháirge tráchtála áirithe, ach amháin sa chás go bhfuil a leithéid riachtanach le linn don sealbhóir oifige a bheith ag feidhmiú a fheidhmeanna oifigiúla. Dúradh leis an Aire freisin nach raibh a ghníomhartha ag teacht le spiorad an Chóid Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige.

Fiosrúcháin Féinthionscnaithe

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2004, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin nóta cé gur féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh sa chás go ndéantar gearán maidir le gníomh sonraithe nó maidir leis na hAchtanna um Eitic a bheith sáraithe, ní féidir leis sin a dhéanamh má bhíonn sé ag gníomhú ar a chonlán féin agus mura mbíonn gearán faighte aige. Is é an ról atá ag Oifigeach Fiosrúcháin i gcás gearáin ná réamhfhiosrúchán a dhéanamh faoin scéal a ndearnadh gearán faoi. Tugann na hAchtanna um Eitic cumhachtaí don Oifigeach Fiosrúcháin le:

- fianaise an ghearánaí nó aon duine ábhartha eile a fháil;
- ábhar an ghearáin a chur faoi bhráid an duine;
- deis a thabhairt don duine atá ina ábhar ag an ngearán ráiteas a dhéanamh;
- agallaimh a dhéanamh leis an ngearánaí agus leis an duine atá ina ábhar ag an ngearán;

- iarraidh ar dhuine aon cháipéis chuí atá i seilbh nó faoi smacht an duine, a chur ar fáil; agus
- tuairisciú i scríbhinn chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Ní bheadh aon chinntí ná torthaí i dtuarascáil den sórt sin, ach bheadh, dá n-iarrfadh an Coimisiún um Chaighdeáin amhlaidh, léiriú ar thuairim an Oifigigh Fhiosrúcháin cibé an raibh fianaise prima facie ann chun seasamh leis an ngearán.

Arís agus é i láthair Chomhchoiste an Oireachtais maidir le hAirgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí i mí na Bealtaine 2005 (féach Caibidil 4), chuir an Coimisiún um Chaighdeáin an dearcadh in iúl gur chóir an reachtaíocht a leasú ionas gur féidir Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh i gcáis inar mian leis an gCoimisiún um Chaighdeáin leanúint de scéal faoin reachtaíocht ach nach bhfuil gearán faighte aige.

Mar fhreagairt ar an scéal sin ar cheist pharlaiminte i rith 2005, thug an tAire Airgeadais le fios nárbh eol dó go raibh togra foirmiúil déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin dá Roinn gur chóir go leasófaí na hAchtanna um Eitic chun éascú le hOifigigh Fhiosrúcháin a cheapadh. Dúirt an tAire go raibh sé sásta go bhfuil neart cumhachtaí ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, faoi mar atá, chun freastal ar bhuairimh an phobail i réimse an tsaoil phoiblí. Chuaigh an tAire ar aghaidh le rá go mbeadh sé deacair aige glacadh leis go mbeadh údar le hoifigigh fhiosrúcháin a cheapadh i gcúinsí nach raibh gearán foirmiúil déanta don Choimisiún um Chaighdáin as ceann de na catagóirí iliomadacha daoine, lena n-airítear daoine sa phobal agus aon ionadaí poiblí.

Tá díomá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin leis an bhfreagairt sin. Tá sé fós den tuairim gur chóir an reachtaíocht a leasú chun ligean dó Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh sa chás go bhfuiltear ag breithniú cibé an imscrúdófar ceist d'uireasa gearáin. Contrátha ar aon dearcadh a d'fhéadfadh bheith ag daoine go mb'fhéidir gur mhian leis dul ar 'thuras iascaireachta', ní shamhlaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin go mbeadh air leas a bhaint as saoráid den sórt sin ach amháin sna cúinsí is eisceachtúla amuigh. Measann sé nach mbainfí úsaid as feidhmiú a chumhachtaí chun imscrúdú a dhéanamh ar a chonláin féin ach amháin mar an rogha deiridh ar fad sa chás nár toghraíodh nósanna imeachta eile nó go raibh siad mí-éifeachtach i gceisteanna lena mbaineann tábhacht poiblí suntasach.

Forálacha maidir le hImréiteach Cánach

Fianaise gur Comhlíonadh na hAchtanna Cánach

Tugadh tacar forálacha isteach le hAcht 2001 lenar fágadh de cheanglas go dtáirgfí fianaise gur comhlíonadh na hAchtanna Cánach[1]. Baineann siad sin le comhaltaí Dháil agus Sheanad Éireann agus le daoine a cheaptar in oifig shinsearach[2] agus sa bhreithiúntacht.

Bíonn an fhianaise gur comhlíonadh na hAchtanna comhdhéanta de cháipéisí áirithe - Deimhniú Imréitigh Chánach[3] nó Ráiteas Iarratais[4] agus Dearbhú Reachtúil[5]. I gcás TDeanna, Seanadóirí agus daoine a cheaptar in oifig shinsearach, ní mór fianaise gur comhlíonadh na hAchtanna a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 9 mí ón tráth a thoghtar nó a ainmnítear nó a cheaptar iad, de réir mar a bhaineann le hábhar. Ní mór do dhaoine atá á moladh le haghaidh ceapacháin oifige breithiúnaí an fhianaise gur comhlíonadh na hAchtanna a sholáthar don Bhord um Cheapacháin Bhreithniúnacha.

Ní mór do TDeanna, Sheanadóirí agus dhaoine a cheaptar in oifig shinsearach an méid seo a leanas a sholáthar:

- Deimhniú Imréitigh Chánach, nó Ráiteas Iarratais, a gcaithfidh dáta nach mó ná 9 mí roimh, agus nach mó ná 9 mí i ndiaidh, dháta a thofa nó a ainmnithe nó a cheaptha, de réir mar a bhaineann le hábhar, a bheith air;

- Dearbhú Reachtúil, a gcaithfidh dáta nach mó ná mí amháin roimh, agus nach mó ná mí amháin i ndiaidh, dháta a thofa nó a ainmnithe nó a cheaptha, de réir mar a bhaineann le hábhar, a bheith air.

Ní mór do dhaoine a cheaptar in oifig bhreithiúnach an méid seo a leanas a sholáthar:

- Deimhniú Imréitigh Chánach a eisíodh tráth nach mó ná 18 mí dhéag roimh an dáta ar moladh don cheapachán iad;

- Dearbhú Reachtúil go bhfuil oibleagáidí cánachais comhlíonta - dearbhú a rinneadh tráth nach mó ná mí amháin roimh an dáta ar moladh don cheapachán iad.

Níl aon ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil le daoine a cheaptar in oifig bhreithiúnach. Ní mór cáipéisíocht reachtúil a sholáthar don Bhord um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

Nóta[1] - Is iad na hAchtanna Cánach a dtagraítear dóibh ná:
(a) na hAchtanna Cánach,

(b) an tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, agus na hachtacháin lenar leasaíodh nó lenar fadaíodh an tAcht sin,

(c) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(d) an tAcht Cánach Breisluacha 1972, agus na hachtacháin lenar leasaíodh nó lenar fadaíodh an tAcht sin.

Nóta[2] - ciallaíonn "oifig shinsearach" post nó stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí faoi chuimsiú chiall Acht 1995 i ndáil leis nach bhfuil an luach saothair níos lú ná an luach saothair is ísle do Leas-Ard-Rúnaí sa státseirbhís [€149,454 ag 1/1/06].

Nóta[3] - Eisíonn an tArdbhailitheoir Deimhniú Imréitigh Chánach ar iarratas sa chás go bhfuil ceanglais na nAchtanna Cánach comhlíonta ag an iarratasóir.

Nóta[4] - Eisíonn an tArdbhailitheoir Ráiteas Iarratais i gcúinsí nár thángthas ar chinneadh i leith cibé an eiseofar nó an ndiúltófar Deimhniú Imréitigh Chánach nó sa chás gur diúltóidh Deimhniú Imréitigh Chánach agus go bhfuil an diúltú ina ábhar achomhairc faoin Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Nóta[5] - Cáipéis is ea an Dearbhú Reachtúil a forordaíodh le hAcht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, faoi mar a leasaíodh le hAcht 2001. Sa chás seo, is é an dearbhú atá i gceist ná go bhfuil na hAchtanna Cánach comhlíonta ag an duine agus nach bhfuil aon bhac roimh an Ardbhailitheoir Deimhniú Imréitigh Chánach a eisiúint. Ní mór duine díobh seo a leanas a bheith ina fhinné ag Dearbhú Reachtúil:

- Nótaire Poiblí
- Coimisinéir Mionnaí
- Feidhmeannach Síochána
- Aturnae Cleachtais

Forálacha maidir le hImréiteach Cánach - á gcomhlíonadh ag daoine a cheaptar in oifig shinsearach

Mar gheall ar an méadú ar líon na gcomhlachtaí poiblí atá faoi chuimsiú shainchúram na nAchtanna um Eitic, tá níos mó daoine á gceapadh in oifig shinsearach faoi chuimsiú chiall Acht 2001. Tá sé bunriachtanach go gcuirfear in iúl do dhaoine den sórt sin, faoina n-oibleagáidí reachtúla leis an bhfianaise riachtanach gur comhlíonadh an reachtaíocht chánachais ábhartha, a sholáthar sin am trátha. Mura ndéantar amhlaidh, féadfaidh daoine den sórt sin a bheith sa riocht is go bhfuil Acht 2001 á shárú acu, de bharr nár cuireadh a bhfreagrachtaí in iúl dóibh.

Dá réir sin, molann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcuirfidh comhlachtaí poiblí nósanna imeachta i bhfeidhm chun stiúrthóireachtaí nó poist, a thiocfadh faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar phoist shinsearaigh, a aithint agus chun daoine a cheaptar i bpoist den sórt sin a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí, rud ab fhearr a dhéanamh tráth a bhfuil ceapachán á thairiscint.

An Seasamh i ndáil leis an Teachta Michael Collins

Ina thuarascálacha bliantúla i gcomhair 2003 agus 2004, leag an Coimisiún um Chaighdeáin amach an seasamh i ndáil leis an Teachta Michael Collins agus na céimeanna a ghlac sé de bharr cheanglais Acht 2001 maidir le fianaise ar na hAchtanna Cánach a bheith comhlíonta. Mar achoimre, sholáthair an Teachta Collins Teastas Imréitigh Chánach agus Dearbhú Reachtúil don Choimisiún um Chaighdeáin an 14 Meitheamh 2002 chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin, an 26 Meán Fómhair 2003, foilsíodh a ainm in Iris Oifigiúil mar shealbhóir cuntais neamhchónaitheach bréagach. Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin an corr sin sa scéal agus lorg comhairle dlí i ndáil leis an bhfianaise, gur comhlíonadh ceanglais chánach, fianaise a fuair sé ón Teachta Collins de bhun alt 21 d'Acht 2001. Comhairlíodh don Choimisiún um Chaighdeáin nár tugadh aon údarás dó faoi Acht 1995 ná faoi Acht 2001, d'uireasa gearáin, imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha an Teachta Collins, mar chomhalta Dháil Éireann. Ní théann cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin, i ndáil le himscrúdú a thionscnamh gan ghearán, chomh fada le comhalta Theach an Oireachtais nach sealbhóir oifige é nó í. Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin an gceadódh Acht 2001 imscrúdú ar bhailíocht na fianaise ar cheanglais chánach a bheith comhlíonta, a sholáthair an Teachta Collins agus, aird á tabhairt ar chomhairle dlí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gceadódh an tAcht a leithéid.

Sna cúinsí seo, tharraing an Coimisiún um Chaighdeáin aird an Aire Airgeadais, mar urraitheoir na reachtaíochta cumasaithe, ar theorainneacha na nAchtanna um Eitic a tugadh chun solais sna cúinsí áirithe seo. Chuir sé an scéal ar aird an Choiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann mar an comhlacht a bhfuil sé de

chúram air, faoi na hAchtanna um Eitic, maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic maidir le comhaltaí Dháil Éireann nach sealbhóirí oifige iad agus d'atreoraigh sé an scéal chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le go mbreithneodh sé an raibh aon chion déanta ag an Teachta Collins.

Ina dhiaidh sin, agus de bhun alt 22(2)(5)(b) d'Acht 1995 (faoi mar a cuireadh isteach le Sceideal 1 d'Acht 2001), chinn an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann trí rún gur chóir don Choimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh. Rinne Cathaoirleach an Choiste gearán i scríbhinn leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir leis an scéal. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tús le himscrúdú ar an ngearán agus cuireadh an Teachta Collins ar an eolas dá réir. Lena chois sin, chuir Oifig an SIP in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh an cheist atreoraithe chuig an nGarda Síochána aige lena imscrúdú.

I Meitheamh 2004, tar éis dearcaí a léiríodh i gcomhfhreagras ón SIP a bhreithniú chomh maith le tuairimí a thug an Teachta Collins dó, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin a imscrúdú faoin ngearán a chur siar go dtí an tráth go ndéileálfaidh an SIP leis an gcás. Tá an cás fós á bhreithniú ag an SIP agus ag an nGarda Síochána tráth scríofa na tuarascála seo agus níl aon leid ann maidir le cathain a thiocfar ar chinneadh.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin buartha faoin achar ama atá an scéal seo á breithniú agus áitíonn sé go réiteofar é gan a thuilleadh moille.

Cóid Iompraíochta

Forálann alt 10 d'Acht 2001 le haghaidh cóid iompraíochta a thabhairt isteach do na catagóirí seo a leanas, tar éis comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin:

- comhaltaí dhá Theach an Oireachtais;
- sealbhóirí oifige;
- seirbhísigh phoiblí.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin cóid iompraíochta in 2002 do chomhaltaí dhá Theach an Oireachtais, faoi mar a bhí curtha le chéile ag na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin an Cód Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige, faoi mar a chuir an Rialtas le chéile é, an 3 Iúil 2003.

Eisíodh Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, faoi mar a chuir an tAire Airgeadais le chéile é, trí chiorclán 26/04 an 9 Meán Fómhair 2004 agus d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin ina dhiaidh sin é.

I dTuarascálacha Bliantúla 2003 agus 2004 an Choimisiúin um Chaighdeáin, thagair sé dá chomhairliúcháin leis an Roinn Airgeadais maidir le cóid iompraíochta do chomhlachtaí poiblí sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne. Níl heol don Choimisiún um Chaighdeáin go ndearnadh aon dul chun cinn suntasach in 2005 maidir le cód den sórt sin a fhorbairt. Comhairlíodh dó i gcomhráite leis an Roinn Airgeadais áfach go bhfuiltear ag breithniú cód iompraíochta ar leithligh i gcomhair na n-earnálacha tráchtála agus neamhthráchtála. Is eol don Choimisiún um Chaighdeáin freisin go bhfuil buairimh ann faoin méadú ar líon na gcineálacha cód difriúla, cóid reachtúla agus riaracháin, atá ag teacht chun cinn sa réimse seo. Bíonn comhlachtaí Stát faoi réir ag an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Aire Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2001, lena n-áirítear cód eitice. Lena chois sin, bunaíodh roinnt comhlachtaí reachtúla faoi reachtaíocht lena bhforáiltear le haghaidh cód iompraíochta a bhaineann go sonrach leis na comhlachtaí sin. Is léir an chontúirt go mbeifí trína chéile maidir le forálacha ábhartha cód den sórt sin atá in iomaíocht le chéile, agus go bhféadfadh na cóid a bheith i gcoimhlint lena chéile fiú.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara go bhforáiltear le hAlt 10 d'Acht 2001 go léireoidh cód iompraíochta arna chur le chéile faoin Acht, na caighdeáin iompraíochta agus ionracais do na daoine a mbaineann sé leo le linn dóibh a bheith ag feidhmiú a bhfeidhmeanna agus i ndáil le haon cheist i dtaca le feidhmíocht den sórt sin nó a dhéanann difear di nó ar dóigh go ndéanfaidh sé difear di agus i ndáil le ceisteanna eile den sórt sin (más ann dóibh) agus a d'fhéadfadh a bheith sonraithe sa chód.

Ní gá, mar sin, go mbeadh forálacha cód den sórt sin saindeartha go ró-shonrach do na cúinsí atá i gceist i gcomhlacht poiblí áirithe ach ba chóir dóibh na prionsabail ghinearálta iompraíochta agus ionracais atá infheidhmithe i leith comhlachtaí poiblí go ginearalta a leagan amach. Féadfaidh sé bheith oiriúnach ansin go bhféadfaí na prionsabail ghinearálta sin a léiriú níos mine maidir leis na cúinsí sonracha a bheadh i gceist i gcomhlacht poiblí, i bhfocháipéis. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin, cé go bhféadfadh sé bheith oiriúnach cóid ar leithligh a thabhairt isteach sna hearnálacha tráchtála agus neamhthráchtála stáit, go bhfuil sé bunriachtanach go gcuirfear cóid den sórt sin le chéile agus go bhfoilseofar iad ag an dáta is luaithe.

Cóid Iompraíochta d'Údaráis Áitiúla

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2004, leag an Coimisiún um Chaighdeáin amach an seasamh maidir le dhá chód iompraíochta, ceann d'fhostaithe le húdaráis áitiúla agus an ceann eile do chomhairleoirí, a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí Mheitheamh 2004. Foráiltear in Acht Rialtais Áitiúil 2001 go bhfuil sé de cheangal ar an Aire dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil le cóid den sórt sin a dhréachtú. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis na cóid i mí na Nollag 2003, agus sholáthair sé a thuairim maidir le hábhar na gcód i mí na Feabhra 2004.

Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí foráil a dhéanamh lena dtabharfaí cosaint, a mbeadh bannaí leis, in aghaidh díoltais in aon chúinsí ina ndearnadh tuairisc nó gearán bona fide ag fostaí nó comhairleoir a chreid go rabhthas ag iarraidh air/uirthi gníomhú ar bhealach a bhí:

- mídhleathach, mícheart, nó neamheiticiúil;
- ag sárú coinbhinsiúin bhunreachtúil nó cóid ghairmiúil;
- a bhféadfadh míriarachán a bheith i gceist leis; nó
- nach raibh ag teacht leis an gcód ábhartha ar bhealach eile.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl don Roinn go bhféadfadh alt 5 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, lena dtugtar imdhíonacht do ghearánaithe faoin reachtaíocht sin, fónamh mar shamhail maidir leis sin.

Bhí nithe eile faoin dréachtchód d'fhostaithe a raibh an Coimisiún um Chaighdeáin ag doicheallú mar gheall orthu agus "Tinreamh agus Fostaíocht Lasmuigh" á phlé sa chód. Go háirithe, thug an Coimisiún um Chaighdeáin le fios nach mbeadh sé sásta sa chás dá mbeadh gnó, slí bheatha nó gníomhaíocht lasmuigh á déanamh ag an am céanna le fostaíocht an údaráis áitiúil, agus go bhféadfaí a mheas le réasún go raibh sin ag lagú muinín an phobail, go n-atreorófaí an scéal chuig maoirseoir le breithiúnas a fháil maidir lena hoiriúnaí is a bhí sé. Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir cosc ginearalta a bheith ar aon ghnó, slí bheatha nó ghníomhaíocht den sórt sin a d'fhéadfadh muinín an phobail a lagú fhad's atá an duine fostaithe ag údarás áitiúil, ar an gcoinníoll gur chóir an scéal a atreorú chuig maoirseoir sa chás go mbeadh neamhchinnteacht faoi.

Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin fosta go mbeadh sé oiriúnach freisin foráil a chur san áireamh sa chód a thabharfadh eilimint smachta éigin don scéal ina bhféadfadh fostaithe le húdaráis áitiúla a gcuid fostaíochta a fhágáil agus comhairliúchán nó fostaíocht eile a thógáil san earnáil phríobháideach a bhféadfaidís rochtain/faisnéis/teagmhálacha a thabhairt chuici a fuair siad le linn an achair a raibh siad fostaithe leis an údarás áitiúil. I gcúinsí den sórt sin, measadh nach mbeadh sé mí-réasúnach moratóir a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse sonraithe.

I dTuarascáil Bhliantúil 2004, b'oth leis an gCoimisiún um Chaighdeáin nach raibh na tuairimí a soláthraíodh in 2004 tógtha ar bord ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. I mí na Nollag 2005, áfach, chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi dhréachtleasuithe ar Alt 10 den chód iompraíochta d'fhostaithe le húdaráis áitiúla, lena bhforáiltear nach mór d'fhostaithe a bhfuil futhu glacadh, faoi cheann dhá mhí dhéag ó d'éirigh siad as nó ó chuaigh siad ar scor, le conarthaí fostaíochta nó comhairliúcháin lasmuigh d'earnáil an údaráis áitiúil, lena mbaineann téarmaí den sórt is go bhféadfadh an cheist maidir le coimhlint leasa teacht chun cinn, dul i gcomhairle leis an údarás cuí agus toil an údaráis sin a fháil.

Thug an Coimisiún um Chaighdeáin le fios don Roinn go bhfáiltíonn sé roimh na leasuithe atá beartaithe mar chinn atá ag teacht le ceann dá thuairimí in 2004. Fágann na leasuithe atá beartaithe go bhfuil an Cód Údarás Áitiúil ag teacht níos mó le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse. Thug an Coimisiún um Chaighdeáin le fios go mbeadh sé ag doicheallú faoi chothromaíocht an Bhoird a bhí beartaithe maidir le Ceapacháin Lasmuigh, Bord a bhí le bheith comhdhéanta d'Ardrúnaí na Roinne agus de cheithre chomhalta eile, beirt ar a laghad nach mbeadh ina bhfostaithe reatha nó ina n-iarfhostaithe le húdaráis áitiúla. Mheas sé gur chóir go mbeadh an cóimheá i bhfabhar daoine as cúlraí nár bhain leis an tseirbhís phoiblí faoi mar atá amhlaidh le Bord na Státseirbhíse um Cheapacháin Lasmuigh. Mheas sé freisin gur chóir go mbeadh aon fhorálacha in-fhorfheidhmithe agus gur chóir reachtaíocht a thabhairt isteach leis sin a chinntiú, dá mba ghá.

Chuir sé a dhíomá in iúl freisin nár tugadh aghaidh ar a thuairimí eile maidir leis an gcód bunaidh, a bhain le fostaithe a chosaint a d'fhéadfadh gearán a dhéanamh faoi gurbh éigean dóibh gníomhú ar bhealach míchuí, agus maidir leis an bhfíric go bhfuil cosc ginearálta in easnamh sa chód ar ghnó, shlite beatha nó ghníomhaíochtaí lasmuigh le linn do dhuine a bheith fostaithe ag údarás áitiúil. Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh thuairimí an Aire i nDáil Éireann an 8 Márta 2006 a rinneadh mar fhreagairt

ar cheisteanna parlaiminte faoi chosaint d'fhostaithe le húdarás áitiúla a dhéanann gearáin. Thug an tAire le fios go bhfuil aigne oscailte aige maidir le forálacha oiriúnacha a fhorbairt laistigh de chód reachtaíochta an rialtais áitiúil, ach na saincheisteanna sonracha a thagann chun cinn i gcomhthéacs rialtais áitiúil a bhreithniú go mion agus na forálacha a bheith faofa ag an Rialtas. Dúirt sé go mbeadh fonn air forálacha den sórt sin a thabhairt ar aghaidh ag an gcéad deis chuí reachtaíochta eile.

Maidir le fostaithe le húdaráis áitiúla a bheith i mbun gnó, slite beatha nó gníomhaíochtaí lasmuigh, mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir foclaíocht na forála sin den Chód a láidriú chun na forálacha reachtúla a léiriú níos cruinne chomh maith leis an bhfíric go bhféadfaí sárú na forála a mheas mar 'ghníomh sonraithe' faoi chuimsiú chiall Acht 2001, .i. gníomh nó easnamh nach dtagann, nó a bhfuil na cúinsí a bhaineann leis, ar neamhréir le feidhmeanna na hoifige nó poist an duine sonraithe a bheith á bhfeidhmiú mar is ceart, trí thagairt don oifig nó phost sin a bhfuil sé nó sí ina d(h)uine den sórt sin, ná le muinín an phobail ghinearálta i bhfeidhmíocht den sórt a choinneáil ar bun, agus go mbaineann tábhacht poiblí suntasach leis an scéal. Léirigh an Coimisiún um Chaighdeáin go mbeadh sé toilteanach na ceisteanna sin a phlé tuilleadh leis an Roinn.

Caibidil 2

Na hAchtanna Toghcháin

Soláthraíonn Acht Toghcháin 1997 (Acht 1997) creatlach chun tabhartais pholaitíochta a thugtar do pháirtithe polaitíochta, TDeanna, Sheanadóirí, Fheisirí Eorpacha, "thríú páirtithe" agus d'iarrthóirí ag toghcháin, a theorannú agus a nochtadh. Rialaíonn sé an caiteachas a dhéanann páirtithe polaitíochta, iarrthóirí agus "daoine eile " ag toghcháin Dála, Pharlaimint na hEorpa agus uachtaránachta freisin. Forálann sé go n-aisíocfar speansais toghcháin le hiarrthóirí cáilithe agus go maoineoidh an stát páirtithe polaitíochta cáilithe (pléitear leis sin i gCaibidil 3).

Tugadh leasuithe suntasacha ar Acht 1997 isteach leis na hAchtanna Toghcháin (Leasú) 1998 agus 2001. Tugadh mionleasuithe isteach freisin in dhá Acht Toghcháin (Leasú) a achtaíodh in 2002. Chun éifeacht a thabhairt do bhreithiúnais na hArdchúirte agus na Cúirte Uachtaraí i gcás Desmond Kelly, achtaíodh Acht Toghcháin (Leasú) 2004 (Acht 2004). Tháinig deacrachtaí praiticiúla chun cinn áfach de bharr fhoclaíocht Acht 2004 áfach i ndáil le speansais toghcháin a theorannú agus réitíodh é sin in Acht Toghcháin (Leasú) 2005. Pléitear an tsaincheist sin níos déanaí sa Chaibidil seo.

Tagraítear don reachtaíocht thuas in éineacht le chéile sa Chaibidil seo agus i gCaibidil 3 mar "na hAchtanna Toghcháin".

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht i rith 2005 ar mar a chomhlíon na daoine seo a leanas na hAchtanna Toghcháin ag na fothoghcháin Dála i gCill Dara Thuaidh agus na Mí: TDeanna, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha, páirtithe polaitíochta agus a n-aonaid chuntasaíochta, iarrthóirí agus gníomhairí agus "tríú páirtithe" agus "daoine eile". Rud nach ionann leis hAchtanna um Eitic, lena gcoisctear faisnéis áirithe a fhaigtear faoin reachtaíocht sin a nochtadh, bíonn formhór mór an ábhair a chuirtear faoi ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoina hAchtanna Toghcháin sa réimse poiblí i bhfoirm tuarascálacha chuig an gCeann Comhairle a chuirtear os comhair Thithe an Oireachtais. Cuirtear an t-ábhar ar fáil don phobal lena ghrinnscrúdú agus lena chóipeáil freisin, lena n-áirítear, i bhfoirm achoimre, ar láithreán shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfear faisnéis a chuirtear faoina bhráid faoi na hAchtanna Toghcháin ar fáil go forleathan go mbeadh an pobal in ann í a ghrinnscrúdú agus chun measúnú forleathan a éascú ar an gcáipéisíocht reachtúil.

Tabhartais

Tabhartais arna nochtadh ag TDeanna, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha i leith 2005

Faoi 31 Eanáir 2006, bhí ar TDeanna, Sheanadóirí agus ar Fheisirí Eorpacha a Ráitis maidir le Tabhartais agus cáipéisíocht a bhí ag gabháil leo a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith 2005. Chaithfí aon tabhartais os cionn luach €634.87 a fuarthas i rith na bliana a nochtadh. Is é luach uasta na dtabhartas ar féidir glacadh leo ón deontóir céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €2,539.48. Ní mór tabhartais arna bhfáil ón deontóir céanna a chomhbhailiú agus a mheas mar thabhartas amháin chun críocha na dteorainneacha uasta maidir le tabhartais a nochtadh agus a ghlacadh. Tá cosc ar TDeanna, ar Sheanadóirí agus ar Fheisirí Eorpacha glacadh le tabhartais gan ainm os cionn €126.97 ná le tabhartais ón gcoigríoch d'aon luach.

Fuarthas 233 Ráiteas san iomlán maidir le Tabhartais i leith 2005 (166 TD, 60 Seanadóir agus 7 Feisire Eorpach - TDeanna nó Seanadóirí an 6 Feisire Eorpacha atá fágtha agus fuarthas Ráiteas amháin maidir le Tabhartais i leith a gcuid dé-shainorduithe siúd). Nochtadh tabhartais lenar bhain luach iomlán €147,526 i leith 2005. Laghdú 12% é sin i gcomparáid leis an bhfigiúr €166,793.79 i gcomhair na bliana 2004 den fhéilire. Bhí airgead, maoin, earraí agus seirbhísí san áireamh sna tabhartais a nochtadh.

Tá mionsonraí ar thabhartais a nochtadh i leith 2005 i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 30 Márta 2006. Tá mionsonraí sa tuarascáil, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin, ar Ráitis Fhorlíontacha maidir le Tabhartais a chuir John Hanafin, Seanadóir, ar fáil i leith 2003 agus 2004 freisin.

Tabhartais a rinne ildeontóirí in 2005

Forálann alt 24(1A) d'Acht 1997 (faoi mar a tugadh isteach le halt 6 den Acht Toghcháin (Leasú) 1998) nach mór do dhuine a

thugann tabhartais i mbliain fhéilire, a dtéann a luach comhiomlán os cionn €5,078.95 do -

(i) bheirt nó níos mó a bhí, nuair a tugadh na tabhartais, ina gcomhalta den pháirtí polaitíochta céanna, nó
(ii) dhuine amháin nó níos mó agus don pháirtí polaitíochta a raibh an duine nó na daoine sin ina gcomhaltaí de nuair a tugadh na tabhartais dóibh,

ráiteas maidir le Tabhartais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin lena dtaispeántar luach comhiomlán na dtabhartas, an páirtí polaitíochta atá i gceist agus ainm, seoladh agus cur síos ar gach faighteoir. Ní mór don deontóir an ráiteas a chur ar fáil beag beann ar cibé an gá don fhaighteoir na tabhartais a nochtadh freisin. Ní bhfuarthas aon Ráiteas maidir le Tabhartais faoi alt 24(1A) i rith 2005.

Tabhartais arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta i leith 2005

Faoi 31 Márta 2006, bhí ar gach ceann de na 13 pháirtí polaitíochta chláraithe Ráiteas maidir le Tabhartais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith tabhartas a fuarthas i rith 2005. B'éigean tabhartais os cionn luach €5,078.95 a fuarthas i rith na bliana a nochtadh. Is é luach uasta na dtabhartas is féidir le páirtí polaitíochta glacadh leo ón deontóir céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €6,348.69. Ní mór tabhartais arna bhfáil ón deontóir céanna i rith na bliana a chomhbhailiú agus a mheas mar thabhartas amháin chun críocha na dteorainneacha uasta maidir le tabhartais a nochtadh agus a ghlacadh.

Thaispeáin ráitis a fuarthas in 2005 go bhfuair páirtithe polaitíochta tabhartais ab fhéidir a nochtadh, ar bhain luach iomlán €142,917.55 leo. Tá mionsonraí ar thabhartais a nochtadh i leith 2005 i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 16 Bealtaine 2006 agus atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Tabhartais arna dtabhairt ag cuideachtaí á nochtadh faoi alt 26 d'Acht 1997

Ceanglaíonn Alt 26 ar chuideachtaí mionsonraí a chur san áireamh ina dtuarascáil/dtuairisceán bliantúil don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) ar aon tabhartas/tabhartais pholaitíochta os cionn luach €5,078.95 a thug siad i rith na bliana lena mbaineann an tuarascáil/tuairisceán. Áirítear airgead, úsáid mhaoine, earraí agus seirbhísí ar bhonn saor in aisce nó faoi bhun costais agus luach comhlán ranníocaíochta arna déanamh ag cuideachta i leith imeacht le hairgead a thiomsú, mar thabhartais.

Ní mór luach an tabhartais agus ainm an té/an pháirtí pholaitíochta dár tugadh an tabhartas a shonrú sa tuarascáil/tuairisceán. Ní mór tabhartais arna dtabhairt ag cuideachta don té/pháirtí polaitíochta céanna i rith na bliana lena mbaineann an tuarascáil/tuairisceán, a chomhbhailiú agus ní mór caitheamh leo mar thabhartas amháin chun críocha an tairseach maidir le tabhartais srl. a nochtadh, a chomhlíonadh. Tá sé ina chion, le héifeacht ó 1 Eanair 2002, ag cuideachta gan forálacha alt 26 a chomhlíonadh. Is é an pionós don chion sin ná fíneáil nach mó ná €1,269.74.

Bhí idirchaidreamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) i rith 2005 agus scrúdaigh sé tuairisceáin arna ndéanamh ag cuideachtaí a bhí curtha san áireamh ar na Ráitis bhliantúla um Thabhartais a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil, mar chuideachtaí a raibh tabhartais os cionn €5,078.95 tugtha acu. Ba léir ó na tuairisceáin a scrúdaíodh nach raibh na mionsonraí riachtanacha curtha san áireamh ag roinnt de na cuideachtaí sin sa tuarascáil/tuairisceán ábhartha a cuireadh ar fáil don OCC. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na cuideachtaí a bhí i gceist á chur in iúl dóibh gur theip orthu alt 26 d'Acht 1997 a chomhlíonadh agus d'iarr orthu a chinntiú amach anseo, sa chás go dtugann an chuideachta tabhartais os cionn €5,078.95, go gcuirfear mionsonraí orthu sin san áireamh sa tuarascáil/tuairiscéan ábhartha don OCC.

I roinnt cás, ní raibh na suimeanna arna nochtadh ag cuideachtaí ina dtuarascáil/tuairisceán bliantúil ag teacht leis na suimeanna arna nochtadh ag an bpáirtí ar a Ráiteas bliantúil um Thabhartais. D'aithin an Coimisiún um Chaighdeáin go mb'fhéidir gur tharla sin mar gheall ar an bhfíric:

1) nach le bliain amháin den fhéilire a bhain tuairisceáin a chuir roinnt de na cuideachtaí ar fáil (neamhchosúil le Ráiteas um Thabhartais de chuid páirtí polaitíochta); agus
2) nach mór do chuideachtaí luach comhlán ranníocaíochta d'imeacht tiomsaithe airgid a nochtadh ach nach gá do pháirtí polaitíochta ach luach glan ranníocaíochta den sórt sin a nochtadh.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na páirtithe a bhí i gceist á iarraidh orthu mionsonraí a sholáthar ar thabhartais arna bhfáil acu ó na cuideachtaí a bhí i gceist i rith na tréimhse ábhartha. Más rud é go bhfuarthas tabhartas i bhfoirm ranníocaíochta le haghaidh imeachta tiomsaithe airgid, iarradh ar an bpáirtí luach comhlán agus luach glan an tabhartais a thabhairt le fios.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós i mbun comhfhreagrais leis na páirtithe atá i gceist, tráth scríofa na tuarascála seo.

Cionta a ionchúisíodh faoi alt 25 d'Acht 1997

Liam Cosgrave, Iarsheanadóir

Ina chuid fianaise do Bhinse Fiosrúcháin Flood an 3 Aibreán 2003, d'admhaigh Liam Cosgrove, Iarsheanadóir, go bhfuair sé ranníocaíocht £2,500 ón Uasal Frank Dunlop i mí Iúil 1997. I bhfianaise bhreise an 9 Aibreán 2003, d'admhaigh an tUasal Cosgrove go ndearna sé dearbhú bréagach agus a Ráiteas um Thabhartais agus a Dhearbhú Reachtúil á chomhlánú aige i ndáil le tabhartais a fuarthas i rith 1997.

De réir fhorálacha alt 24 (1)(a) d'Acht 1997, bhí foirm Ráitis um Thabhartais agus Dhearbhaithe Reachtúil curtha ar fáil ag an Uasal Cosgrove an 29 Eanáir 1998 don Choimisiún um Oifigí Poiblí, mar a bhí an tráth sin, i leith na tréimhse 15 Bealtaine 1997 (dáta ar ar tháinig tosach feidhme le hAcht 1997) go dtí 31 Nollaig 1997. Ní raibh mionsonraí ar aon tabhartais ón Uasal Dunlop curtha san áireamh sa Ráiteas um Thabhartais.

I bhfianaise na fianaise sin, bhí an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim, agus an Ráiteas um Thabhartais agus an Dearbhú Reachtúil arna gcur ar fáil ag an Uasal Cosgrove an 29 Eanáir 1998, breithnithe ag an gCoimisiún chomh maith le tuairimí arna gcur ar fáil ar an ábhar ina dhiaidh ag an Uasal Cosgrove, go bhféadfadh cion a bheith déanta ag an Uasal Cosgrove faoi alt 25(1)(d) d'Acht 1997 de bharr Ráiteas um Thabhartais a chur ar fáil nó Dearbhú Reachtúil a dhéanamh, atá bréagach nó míthreorach in aon bhealach ábhartha, agus an méid sin ar eolas aige. Is é an pionós don chion sin ná fíneáil nach mó ná €25,394.76 agus/nó tréimhse chomh fada le 3 bliana príosúnachta.

De réir fhorálacha alt 4(3)(c) d'Acht 1997, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tuarisc scríofa ar an scéal ar fáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) an 3 Iúil 2003. D'iarr SIP ar na Gardaí imscrúdú a dhéanamh ina dhiaidh sin le féachaint cibé an ndearadh cion coiriúil. Chuir na Gardaí comhad faoi bhráid an SIP i ndáil leis an scéal agus a gcuid imscrúduithe críochnaithe acu.

Phléadáil an tUasal Cosgrove ciontach ag Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath an 17 Deireadh Fómhair 2005 i gcion a dhéanamh faoi alt 25(1)(d) d'Acht 1997. Gearradh seirbhís phobail air, ach é a bheith oiriúnach.

Gerard Hannan

Thuairisc an Coimisiún um Chaighdeáin ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2004 go raibh comhad atreoraithe chuig na Gardaí i ndáil leis an Uasal Hannan, iarrthóir nár éirigh leis ag toghchán Pharlaimint na hEorpa an 11 Meitheamh 2004. Theip ar an Uasal Hannan foirm Ráitis um Thabhartais/Dhearbhaithe Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin spriocdháta reachtúil an 6 Lúnasa 2004. Cion is ea é sin faoi alt 25(1)(c) d'Acht 1997. An pionós don chion sin ná fíneáil nach mó ná €1,269.74. Cé go bhfuarthas Ráiteas um Thabhartais ina dhiaidh sin ón Uasal Hannan agus gur cuireadh na Gardaí ar an eolas faoi sin, chuaigh na Gardaí ar aghaidh leis an gcion a thabhairt ar aghaidh. Phléadáil an tUasal Hannan ciontach ag Cúirt Dúiche Luimní an 10 Samhain 2005 i gcion a dhéanamh faoi alt 25(1)(c) d'Acht 1997.

Gearradh fíneáil €250 ar an Uasal Hannan.

Acht Toghcháin (Leasú) 2005

Ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2004, thagair an Coimisiún um Chaighdeáin do dheacrachtaí a bhí tagtha chun cinn mar gheall gur tugadh alt 33 d'Acht Toghcháin (Leasú) 2004 isteach. Is éard a bhí beartaithe a dhéanamh le hAlt 33 ná mír 2(a) de Sceideal na nAchtanna Toghcháin a leasú chun breithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí i gcás Desmond Kelly a léiriú. Ag eascairt as na breithiúnais sin, tá speansais toghcháin ag toghcháin Dála agus Pharlaimint na hEorpa a n-íoctar astu as cistí poiblí, faoi réir anois ag an teorainn chaiteachais atá infheidhmithe ag an toghchán agus ní mór cuntas a thabhairt ina dtaobh i Ráiteas um Speansais Toghcháin. Ní raibh costais den sórt sin inmheasta mar speansais toghcháin mar gheall ar mhír 2(a) go dtí sin. Bhí roinnt ceisteanna eile nach raibh le meas mar speansais toghcháin curtha san áireamh ag mír 2(a) freisin. Ní dhearna breithiúnais na Cúirte i gcás Desmond Kelly difear do na ceisteanna sin. Seachas mír 2(a) a leasú go sonrach i ndáil le costais a n-íoctar astu as cistí poiblí, baineadh an mhír amach ina hiomláine le hAlt 33.

Leag an Coimisiún um Chaighdeáin impleachtaí an leasaithe sin amach chomh maith lena cuid buaireamh maidir leis sin. Thuairisc sé go raibh na buairimh sin curtha in iúl don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil aige, a thoiligh tograí reachtaíochta a thabhairt ar aghaidh lena dtabharfaí aghaidh ar an scéal. Thug an Coimisiún um Chaighdeán faoi deara go raibh Bille leasaitheach tugtha isteach. Achtaíodh an Bille sin ina dhiaidh sin an 9 Iúil 2005 mar Acht Toghcháin (Leasú) 2005 (Acht 2005). Tá an

Coimisiún um Chaighdeáin sásta go dtugtar aghaidh go sásúil ar an tsaincheist le halt 6 d'Acht 2005 trí na ceisteanna sin nach ndearna breithiúnais na Cúirte difear dóibh, a thabhairt ar ais i mír 2(a) den Sceideal.

Fothoghcháin Dála Chill Dara Thuaidh agus na Mí an 11 Márta 2005

Tharla an vótaíocht i gcomhair na bhfothoghcháin Dála i gCill Dara Thuaidh agus sa Mhí an 11 Márta 2005 chun na folúntais a tháinig chun cinn de bharr gur imigh na hiartheachtaí Charles McCreevy agus John Bruton ón bpolaitíocht náisiúnta. Chuaigh ochtar iarrthóir san iomaíocht i gcomhair fhothoghchán Chill Dara Thuaidh agus seachtar san iomaíocht i gcomhair fhothoghchán na Mí.

B'éigean d'iarrthóirí nár éirigh leo ag na fothoghcháin Ráitis um Thabhartais a chomhlánú. B'éigean do ghníomhairí toghcháin gach iarrthóir agus do ghníomhairí náisiúnta an tsé pháirtí polaitíochta a chuaigh san iomaíocht sna fothoghcháin Ráitis um Speansais Toghcháin a chomhlánú. B'éigean do ghrúpaí nár bhain le páirtí ná le hiarrthóir ag na fothoghcháin agus a tharraing speansais toghcháin orthu fein, Ráitis um Speansais Toghcháin a chomhlánú freisin. B'éigean na ráitis sin go léir a bheith curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 56ú lá tar éis lá na vótaíochta (.i. faoin 6 Bealtaine 2005).

B'éigean do na hiarrthóirí tofa, na Teachtaí Shane McEntee agus Catherine Murphy, mar Theachtaí Dála, Ráiteas bliantúil um Thabhartais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi 31 Eanáir 2006. B'éigean gach tabhartas a fuair siad i rith 2005 a bhí os cionn luach €634.87, a nochtadh, lena n-áirítear aon tabhartais den sórt sin a fuarthas i ndáil leis na fothoghcháin.

Tarraingíodh suim €321,767.25 san iomlán mar speansais toghcháin thar ceann an 15 iarrthóir agus an tsé pháirtí polaitíochta a chuaigh san iomaíocht sna fothoghcháin. As an tsuim sin, caitheadh €189,738.19 ag fothoghchán na Mí agus €132,029.06 ag fothoghchán Chill Dara Thuaidh. Ba é an teorainn chaiteachais ag fothoghchán na Mí ná €38,092.14 in aghaidh an iarrthóra agus €25,394.76 ag fothoghchán Chill Dara Thuaidh. Ní raibh aon ró-chaiteachas ag ceachtar den dá fhothoghchán. Cháiligh aon iarrthóir dhéag, seisear i gCill Dara Thuaidh agus cúigear sa Mhí, go n-aisíocfaí a speansais toghcháin, ar €6,348.69 a bhí i gceist i ngach cás.

Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur speansais toghcháin a bhí i gceist le speansais €6,840 a tharraing Cónaidhm Slatiascairí Bradán agus Bric Ghil na hÉireann (FISSTA) agus Cumann Náisiúnta na gComhairlí Réigiúnacha Géim (NARGC) i rith na bhfothoghchán. Tarraingíodh na speansais ar fhógráin nuachtáin a mheas an Coimisiún um Chaighdeáin a bhí ceaptha le cur in éadan, go hindíreach, leasanna na n-iarrthóirí a bhí san iomaíocht sna fothoghcháin thar ceann pháirtithe an Rialtais. Fuarthas Ráiteas um Speansais Toghcháin thar ceann an dá eagraíocht ina dhiaidh sin an 19 Bealtaine 2005. Cé gur sháraigh an dá ghrúpa forálacha alt 31(7) de na hAchtanna Toghcháin nuair a theip orthu a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin roimh ré go raibh futhu speansais toghcháin a tharraingt orthu fein, níor ghníomhaigh an Coimisiún um Chaighdeáin thairis sin ó thaobh an scéal a atreorú chuig na Gardaí, toisc gur chomhlíon an dá ghrúpa an reachtaíocht seachas sin trí Ráiteas um Speansais Toghcháin a sholáthar.

Forálann Alt 31(10) d'Acht 1997, má tá faoi fhoilsitheoir nuachtáin fógrán nó fógra a fhoilsiú ó dhuine nó ó ghrúpa atá ceaptha le cur in éadan leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra ag fothoghchán Dála nó iad a chur chun cinn, go díreach ná go hindíreach, nach mór don duine nó don ghrúpa a bheith údaraithe le hamhlaidh a dhéanamh i scríbhinn ag iarrthóir ag an toghchán nó ag a g(h)níomhaire toghcháin nó ag gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta. Mura n-údaraítear amhlaidh iad, ní mór don duine/ghrúpa a bheith in ann deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin a thaispeáint don fhoilsitheoir á dhearbhú go bhfuil alt 31(7) d'Acht 1997 comhlíonta ag an duine/grúpa.

Tá sé ina chion ag foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin tréimhshiúil eile má theipeann orthu ceanglais alt 31(10) a chomhlíonadh. Toisc nár chuir FISSTA ná NARGC in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh futhu speansais toghcháin a tharraingt agus nach raibh deimhniú eisithe dóibh maidir le forálacha 31(7) den Acht a bheith comhlíonta acu, bhí an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur sháraigh a gcuid fógrán i nuachtáin an Meath Chronicle agus Leinster Leader forálacha alt 31(10) den Acht.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an dá nuachtáin agus, tar éis dó a bhfreagraí a bhreithniú, ghlac sé leis nár sháraigh ceachtar nuachtán forálacha alt 31(10) den Acht d'aon ghnó. Lena chois sin, dearbhaíodh don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh nósanna imeachta curtha i bhfeidhm i ngach nuachtán lena chinntiú nach dtarlóidh sáruithe den sórt sin arís. Ar an mbonn

sin, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin gan gníomhú tuilleadh ó thaobh ceachtar scéal a atreorú chuig na Gardaí.

Tá mionsonraí ar speansais toghcháin a tarraingíodh ag na fothoghcháin agus ar thabhartais arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo, i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 15 lúil 2005 agus atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tá mionsonraí ar thabhartais arna nochtadh ag an mbeirt iarrthóir ar éirigh leo, leagtha amach i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 30 Márta 2006 agus atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

Aonaid Chuntasaíochta

Is éard is ciall le haonad cuntasaíochta, i ndáil le páirtí polaitíochta, ná craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, tabhartas ar luach os cionn €126.97. Ní mór d'oifigeach cuí de chuid páirtí polaitíochta ainm agus seoladh gach aonad cuntasaíochta den pháirtí, lena n-áirítear ainm an duine sa pháirtí atá freagrach as, a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin. Is é an cisteoir nó aon duine eile a bhíonn freagrach as a bheith ag déileáil le tabhartais don aonad, an duine a bheidh freagrach as.

Ar fháil tabhartais airgid os cionn €126.97 don pháirtí, ní mór don aonad cuntasaíochta Cuntas Tabhartas Polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun in institiúid airgeadais sa Stát agus an tabhartas agus aon tabhartais bhreise airgid dá bhfaightear, cibé luach atá orthu, a thaisceadh sa chuntas. Ní mór don duine atá freagrach as aonad cuntasaíochta, faoi 31 Márta gach bliain, ráiteas ón institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas á choinneáil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in éineacht le Deimhniú na dTabhartas Airgid lena ndeirtear go ndearnadh gach tabhartas airgid dá bhfuarthas le linn na bliana roimhe sin a thaisceadh sa chuntas agus gur baineadh úsáid as gach suim a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Bíonn Dearbhú Reachtúil ag gabháil le Deimhniú na dTabhartas Airgid. Tá sé ina chion ag an duine atá freagrach as aonad cuntasaíochta má theipeann orthu an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tháinig éifeacht le forálacha na nAchtanna Toghcháin a bhaineann le haonaid chuntasaíochta an 1 Eanair 2002. Tá roinnt deacrachtaí tagtha ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus maoirseacht á déanamh aige ar an gcuid sin den reachtaíocht.

- Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfadh líon na gcraobhacha/na bhfo-eagraíochtaí le páirtithe polaitíochta atá ag feidhmiú faoi láthair, a bheith os cionn 4,000. Is é líon na n-aonad cuntasaíochta atá curtha in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin ag gach páirtí polaitíochta faoi láthair ná 154. Bhí olltoghchán, toghchán Pharlaimint na hEorpa agus toghcháin áitiúla ann ó tugadh na forálacha sin den reachtaíocht isteach a mbeadh méid áirithe de thiomsú airgid déanta lena n-aghaidh ag eagraíochtaí áitiúla de chuid páirtithe. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, go bhfuil líon suntasach aonad cuntasaíochta ann nach bhfuil curtha in iúl dó.

- Níl aon chionta sna hAchtanna Toghcháin maidir le cás go dteipfeadh ar oifigeach cuí a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin gurb ann d'aonad cuntasaíochta. Ar an gcaoi chéanna, níl aon chion ann maidir le cás go dteipfeadh ar chraobh/fho-eagraíocht a chur in iúl don oifigeach cuí gurb aonad cuntasaíochta atá ann. D'uireasa smachtbhannaí den sórt sin, b'fhéidir gurb amhlaidh gur beag ní atá ann, nó ní ar bith, a spreagfadh grúpaí chun na forálacha sin den reachtaíocht a chomhlíonadh.

- Níl aon chion ann maidir le cás go dteipfeadh ar an duine atá freagrach as aonad cuntasaíochta cuntas tabhartas polaitíochta a oscailt.

- I roinnt cás, tá oifigigh chuí tar éis a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil craobh nó aonad áirithe ina aonad cuntasaíochta nuair is amhlaidh, le fírinne, nach bhfuil, .i. nach bhfuil aon tabhartas os cionn €126.97 faighte aige ó 1 Eanáir 2002 agus nach raibh sé, mar sin, ina aonad cuntasaíochta.

- Deacracht leanúnach ná an teip a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nuair a athraítear an duine freagrach in aonad cuntasaíochta. Cuireann sé sin moill ar an bpróiseas maidir leis an gcáipéisíocht reachtúil riachtanach a chur isteach, a bhféadfadh roinnt di a bheith faighte tar éis an spriocdháta reachtúil, rud a sháraíonn an reachtaíocht.

Aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin go gcruthaíonn ceanglais na bhforálacha sin den reachtaíocht ualach suntasach riaracháin d'oifigigh chuí, go háirithe dóibh siúd leis na páirtithe polaitíochta atá níos mó. Aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin freisin go ndearna roinnt oifigeach cuí dianiarracht leis na craobhacha/fo-eagraíochtaí laistigh dá bpáirtithe atá ina n-aonaid chuntasaíochta, a aithint. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin áfach, go bhfuil sé de dhualgas ar gach oifigeach cuí nósanna imeachta

leordhóthaineacha a bheith i bhfeidhm acu lena chinntiú go mbíonn siad ar an eolas faoi gach aonad cuntasaíochta agus faoi na daoine atá freagrach astu. Ní mór a chur in iúl go pras dóibh nuair a athraítear na daoine atá freagrach astu freisin ionas go mbeidh ar a gcumas fógra den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go mbeadh sé tairbheach maidir leis sin go dtabharfaí smachtbhanna isteach do chraobhacha/fho-eagraíochtaí nach gcuireann in iúl d'oifigigh chuí nuair a fhaightear tabhartas os cionn €126.97 chomh maith le mionsonraí an duine atá freagrach as an aonad acu.

Tríú Páirtithe

Sainmhínítear "tríú páirtí" sna hAchtanna Toghcháin mar aon duine (.i. duine nó grúpa), seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le tabhartas chun críocha polaitíochta, a bhfuil a luach os cionn €126.97. Tá an sainmhíniú ar chuspóirí polaitíochta sách leathan agus, chomh maith le bheith ag tagairt do thoghcháin agus reifrinn, clúdaíonn sé aon fheachtas a thacaíonn le nó a chuireann i gcoinne aon bheartas de chuid an Rialtais ná údaráis phoiblí.

Ní mór do thríú páirtithe clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Coisctear orthu glacadh le "tabhartais gan ainm" ná "tabhartais ón gcoigríoch". Is é an tabhartas uasta gur féidir le tríú páirtí glacadh leis ón duine céanna sa bhliain chéanna ná €6,348.69 (baineann an teorainn chéanna le páirtithe polaitíochta). Má fhaigheann tríú páirtí tabhartas airgid os cionn €126.97, ní mór dó cuntas tabhartas polaitíochta a oscailt.

Tráth nach déanaí ná 31 Márta gach bliain, ní mór don "duine freagrach" le tríú páirtí (.i. an duine a bhíonn freagrach as é a eagrú, a bhainistiú nó as cúrsaí airgeadais), Deimhniú um Thabhartais Airgid agus ráiteas ón institiúid airgeadais ina gcoinnítear cuntas na dtabhartas polaitíochta, a chur ar fáil lena sonraítear na hidirbhearta a tharla sa chuntas i rith na bliana roimhe sin. Cheanglódh léamh beacht den reachtaíocht ar thríú páirtí an ceanglas sin a chomhlíonadh gach bliain fiú sa chás go mb'fhéidir nach ann dó a thuilleadh nó nach bhfuil sé i mbun gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an sainmhíniú ar chuspóirí polaitíochta. Bíonn formhór na dtríú páirtithe ina mbuaneagraíochtaí de ghnáth a chinneann páirt a ghlacadh i bhfeachtas áirithe, nó ina ngrúpaí a bhunaítear chun críche deimhní, m.sh., chun tionchar a imirt ar thoradh reifrinn, toghcháin, srl. Ní leanann formhór na dtríú páirtithe ar aghaidh ina dhiaidh sin.

Glacann an Coimisiún um Chaighdeáin cur chuige atá praiticiúil dar leis, i leith maoirseacht a dhéanamh ar na forálacha sin den reachtaíocht. Scríobhann sé chuig tríú páirtithe ábhartha gach bliain á iarraidh orthu a dheimhniú cibé an bhfuil futhu leanúint ar aghaidh le bheith ar an saol mar thríú páirtí. Má dheimhníonn an tríú páirtí nach bhfuil faoi leanúint ar aghaidh le bheith ar an saol nó a bheith i mbun gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an sainmhíniú ar chuspóirí polaitíochta, ní dhéantar aon teagmháil bhreise leis an duine ná an grúpa sin.

Chuir naoi ngrúpa tuairisceáin faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin i leith 2004. Chláraigh dhá cheann de na grúpaí sin den chéad uair in 2004, agus chláraigh grúpa eile in 2005 agus chuir cáipéisíocht isteach go siarghabhálach. Chomhlánaigh seacht gcinn den naoi ngrúpa Deimhniú na dTabhartas Airgid agus chuir ráiteas bainc isteach i leith 2004. Chuir an dá ghrúpa a bhí fágtha in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach raibh aon ghníomhaíocht i gcuntas na dtabhartas polaitíochta dá gcuid in 2004 agus, mar sin, nárbh éigean dóibh Deimhniú na dTabhartas Airgid a chomhlánú.

Dá réir sin, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach ceann den naoi dtríú páirtí chláraithe roimh spriocdháta an 31 Márta 2005 maidir le cáipéisíocht reachtúil a sheoladh ar ais i gcomhair 2004, agus d'iarr orthu go ndeimhneodh an duine freagrach i scríbhínn an raibh an tríú páirtí ag leanúint ar aghaidh le bheith ag feidhmiú i rith 2005. Bhí grúpa amháin (Feachtas 'Stop Bush') éirithe as a bheith ag feidhmiú mar thríú páirtí, agus chuir grúpa eile (Éire ar son na Beatha) in iúl nach raibh aon phleananna aige feidhmiú in 2005.

Chuir ceathrar de na daoine freagracha i gcomhair an tseacht ngrúpa a bhí fágtha cáipéisíocht reachtúil i gcomhair 2005 faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi 31 Márta 2006. Chomhairligh grúpa eile i scríbhinn nach raibh sé i bhfeidhm a thuilleadh. Chuir grúpa eile in iúl ó bhéal nach raibh sé i mbun feidhme in 2005 ach tá sin fós le dearbhú i scríbhinn acu. Bhí an grúpa a bhí fágtha i dteagmháil leis an gCoimisiún lena dhearbhú go gcuirfear an cháipéisíocht atá amuigh chugainn go luath. Tá mionsonraí ar na tríú páirtithe atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin ó tháinig tosach feidhme leis na forálacha sin an 1 Eanáir 2002, leagtha amach in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

Aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin nach bhfuil formhór na ndaoine/ngrúpaí ar an eolas faoin gceanglas clárú mar thríú páirtí. Foilsíonn sé fógra sna nuachtáin náisiúnta gach bliain lena leag-

tar ceanglais na reachtaíochta amach. Foilsíonn sé nóta mínithe mionsonraithe freisin a bhíonn ar fáil ar a shuíomh idirlín. Téann an Coimisiún um Chaighdeáin i dteagmháil le daoine/grúpaí a d'fhéadfadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuimsítear leis an sainmhíniú ar chuspóirí polaitíochta freisin. Soláthraítear cóip den nóta mínithe agus tugtar cuireadh don duine/ghrúpa a bhreithniú an gcaithfidh siad clárú mar thríú páirtí. Chuaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i dteagmháil le roinnt grúpaí den sórt sin i rith 2005 agus léirigh a bhformhór nach mbaineann an reachtaíocht leo toisc nach raibh siad ag fáil tabhartas polaitíochta os cionn €126.97.

Tá a cuid buaireamh maidir le forálacha na reachtaíochta a bhaineann le tríú páirtithe curtha in iúl ag an gCoimisiún um Chaighdeáin roimhe seo. Leagadh na buairimh sin amach ina Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin a foilsíodh i mí na Nollag 2003. Rud atá ina údar buartha ar leith ná an sainmhíniú leathan ar "chuspóirí polaitíochta" a d'fhéadfadh a chlúdach ar bhonn leanúnach, daoine nó grúpaí nach measfaí de ghnáth mar chinn a bheadh gníomhach sa pholaitíocht ach, le linn dá ngnó laethúil a bheith ar siúl acu, a d'fhéadfadh a bheith páirteach i ngníomhaíocht a bheadh cuimsithe ag an sainmhíniú ar chuspóirí polaitíochta. Is eol don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil buairimh cosúil leis sin tarraingthe anuas ag roinnt grúpaí den sórt sin. Go háirithe, tá grúpaí a fhaigheann maoiniúchán ó iontaobhais nó bhronntóirí atá lonnaithe lasmuigh den dlínse seo, buartha go bhféadfadh forálacha reatha na reachtaíochta srianta a chur orthu maidir le bheith ag glacadh le ranníocaíochtaí den sórt sin i gcomhair a ngnáth ghníomhaíochtaí laethúla.

Tá sé molta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, seachas a bheith ag díriú ar thabhartas a fhaightear atá os cionn tairseach áirithe, go bhféadfadh an reachtaíocht díriú ar chaiteachas ar fheachtas áirithe ag daoine ná grúpaí atá thar thairseach áirithe (m.sh. €5,000). Más rud é go bhfuil an feachtas chun críocha polaitíochta faoi mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht, bheadh teorainneacha infheidhmithe i leith chineál agus shuim na dtabhartas a bhféadfaí glacadh leo don fheachtas. D'fhéadfaí iarraidh ar dhaoine/ghrúpaí a thaispeáint conas a maoiníodh feachtas den sórt sin.

20

Caibidil 3

Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste

Bíonn maoiniúchán suntasach ar fáil ón Státchiste anois do pháirtithe polaitíochta cáilithe faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001.

Maoiniú faoi na hAchtanna Toghcháin

Tá maoiniú díreach ginearálta soláthraithe faoi na hAchtanna Toghcháin ó 1998. Tharla sin i gcomhuain le hoibleagáidí reachtúla a tugadh isteach a fhágann go mbíonn ar pháirtithe polaitíochta, agus ar dhaoine eile, tabhartais thar luachanna áirithe a nochtadh. Méadaíodh leibhéal an mhaoiniúcháin go mór in 2001 tráth ar cuireadh teorainneacha i bhfeidhm ar luach na dtabhartas a bhféadfaí glacadh leo agus ar tugadh cosc isteach ar thabhartais ón gcoigrích.

Chun cáiliú le haghaidh maoiniúcháin faoi na hAchtanna Toghcháin, ní mór do pháirtí polaitíochta a bheith curtha san áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus dó faoin gcéad de na vótaí céadrogha san olltoghchán Dála deiridh a bheith daingnithe acu ar a laghad. Cáilíonn sé pháirtí polaitíochta ar bhonn thorthaí olltoghchán 2002 faoi láthair. Ní ghearrtar cáin ioncaim ar mhaoiniúchán a fhaightear faoi na hAchtanna Toghcháin.

Íoctar €126,974 mar bhunmhéid le gach páirtí cáilithe go bliantúil anois. Lena chois sin, bíonn gach páirtí cáilithe i dteideal cion de shuim bhliantúil a mhéadaítear ar aon dul le méaduithe pá ginearálta sa státseirbhís. Déantar suim an chiste a bheidh iníoctha le páirtí cáilithe a chinneadh trí vótaí céadrogha gach páirtí cháilithe san olltoghchán Dála is déanaí (Bealtaine 2002) a léiriú mar chion d'iomlán na vótaí céadrogha arna bhfáil na páirtithe cáilithe go léir. Is é an maoiniúchán iomlán a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2005 ná €5,049,656.

Ní mór do pháirtithe polaitíochta cáilithe cuntas a thabhairt san úsáid a bhaineann siad as an maoiniúchán ar bhonn bliantúil. Forálann an reachtaíocht nach mór an maoiniúchán a fheidhmiú i leith riaradh agus bhainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí agus i leith aon cheann dá chuspóirí a bheith á leanúint go dleathach aige chomh maith le, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, aon cheann de na cuspóirí seo a leanas nó iad go léir:

- cúrsaí ginearálta an pháirtí a riaradh;
- taighde, oideachas agus oiliúint;
- beartais a cheapadh;
- gníomhaíochtaí chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí a chomhordú.

Meastar go mbíonn soláthar i leith rannpháirtíocht i ngníomhaíocht pholaitíochta a chur chun cinn i measc na mban agus daoine óga san áireamh sa mhaoiniúchán. Ní féidir úsáid a bhaint as an maoiniúchán chun speansais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh.

Soláthraíonn oifigeach cuí gach páirtí polaitíochta cáilithe Ráiteas Caiteachais Státchiste don Choimisiún um Chaighdeáin faoi 31 Márta gach bliain. Leagtar suim an mhaoiniúcháin a fuarthas i leith na bliana roimhe sin amach sa Ráiteas Caiteachais Státchiste, chomh maith le haon suim a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe. Ní mór mionsonraí a sholáthar ann faoi na ceannteidil thuasluaite ar na cúrsaí ar feidhmíodh an maoiniúchán ina leith. Ní foláir d'iniúchóir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus ní mór tuairisc an iniúchóra a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in éineacht leis an Ráiteas. Ní dhéantar íocaíochtaí i ndiaidh dheireadh Aibreáin d'aon bhliain le páirtí cáilithe mura bhfuil Ráiteas um Thabhartais agus Ráiteas Caiteachais Státchiste curtha ar fáil aige don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na bliana roimhe sin.

Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascál ar fáil don Cheann Comhairle gach blian ag tabhairt mionsonraí ar an maoiniúchán a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe don bhliain roimhe sin faoi na hAchtanna Toghcháin agus ar na cúrsaí ar feidhmíodh an maoiniúchán ina leith. Cuirtear na Ráitis Caiteachais Státchiste agus Tuarascálacha na nIniúchóirí os comhair Thithe an Oireachtais agus cuirtear ar fáil iad go ndéanfaidh an pobal iad a ghrinnscrúdú agus a chóipeáil. Cuireadh an tuarascáil i leith 2005 ar fáil don Cheann Comhairle an 16 Bealtaine 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Maoiniú faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Forálann an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, go n-íocfar liúntas bliantúil le ceannaire parlaiminte páirtí polaitíochta cháilithe i ndáil le speansais a thagann de bharr ghníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde, an pháirtí. Tugtar an Liúntas Ceannairí Páirtí ar an liúntas sin agus tagraítear don reachtaíocht ina dhiaidh seo mar an tAcht um an Oireachtas 2001. Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin Acht um an Oireachtais 2001 i ndáil le caiteachas an Liúntais Cheannairí Páirtí.

Sainmhínítear páirtí cáilithe mar pháirtí, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a raibh comhalta amháin ar a laghad leo tofa chuig Dáil Éireann nó tofa nó ainmnithe chuig Seanad Éireann ag na holltoghcháin Dála nó Seanaid deiridh roimhe (2002) nó ag aon fhothoghchán ina dhiaidh. Ríomhtar an liúntas ar bhonn líon na gcomhaltaí a toghadh chuig Dáil Éireann nó a toghadh nó a ainmníodh chuig Seanad Éireann. Bunaithe ar thorthaí ag olltoghcháin 2002 agus ag fothoghcháin ina ndiaidh, cáilíonn ceannairí parlaiminte seacht bpáirtí polaitíochta faoi láthair le haghaidh íocaíocht an liúntais. Cáilíonn sé chinn den seacht bpáirtí sin le haghaidh maoiniúchán a fháil faoi na hAchtanna Toghcháin freisin.

Socraíodh na liúntais leis an Acht um an Oireachtas 2001 agus méadaítear iad ar aon dul le méaduithe pá ginearálta na státseirbhíse. Is féidir na liúntais a mhéadú trí ordú Rialtais freisin.

Is mar seo a leanas a bhí na liúntais mar a bhí ag 31 Nollaig 2005 do Chomhaltaí Dháil Éireann:

	2005 (in aghaidh an chomhalta)
Na chéad 10 gcomhalta	€61,011
Ó 11 go dtí 30 comhalta	€48,807
Os cionn 30 comhalta	€24,410
Comhaltaí neamhspleácha	€35,105

I gcás chomaltaí an tSeanaid, is éard a bhí sna liúntais ná:

	2005 (in aghaidh an chomhalta)
Na chéad 5 chomhalta	€39,894
Os cionn 5 chomhaltaí	€19,947
Comhaltaí neamhspleácha	€19,947

Ba é an tsuim iomlán a íocadh le páirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2005 ná €6,896,735. Má dhéanann páirtí a cháilíonn le haghaidh na liúntas, cuid den Rialtas, déanfar na comhliúntais i leith a chomhaltaí atá ina gcomhaltaí den Dáil amháin, a laghdú faoi aon trian. Ní ceadmhach úsáid a bhaint as an liúntas le haghaidh speansas toghcháin nó vótaíochta, nó chun na costais sin a fhorchúiteamh agus ní ghearrtar cáin ioncaim air.

Ní mór do gach ceannaire páirtí ráiteas d'aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú go bliantúil, nó a chur faoi deara a ullmhaithe. Leagtar amach sa ráiteas an tsuim a fuarthas i leith 2005 agus an tsuim, dá mba ann d'aon suim, a tugadh ar aghaidh ó 2004. Ní mór mionsonraí a thabhairt sa ráiteas, faoi na ceannteidil ar foráladh lena n-aghaidh san Acht um an Oireachtas 2001, ar na gnóthaí ar ar caitheadh an maoiniúchán i rith 2005. Ní mór don ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh an liúntas. Is é an dáta ábhartha de ghnáth ná 30 Aibreán. Cuirtear síneadh le tréimhse na 120 lá de bharr aon tréimhse a bhfuil an Dáil lánscortha lena haghaidh i rith na tréimhse sin áfach. Mura bhfaigheann an Coimisiún um Chaighdeáin an ráiteas caiteachais agus tuairisc an iniúchóra laistigh den scála ama riachtanach, cuirtear íocaíocht an liúntais siar go dtí pé tráth a bhfaighfear an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur ar fáil don Aire Airgeadais á thabhairt le fios cibé ar cuireadh an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra isteach laistigh den tréimhse shonraithe, cibé an nochtar aon chaiteachas neamhúdaraithe agus cibé an bhfuil an ráiteas leordhóthanach nó mí-oiriúnach. Cuireadh tuarascáil a bhain le caiteachas an liúntais in 2005 ar fáil don Aire Airgeadais an 15 Bealtaine 2006 agus cuireadh os comhair Thithe an Oireachtais an 16 Bealtaine 2006. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin. Cuirtear cóipeanna de na ráitis agus de thuarascálacha na n-inichóirí ar fáil go déanfaidh an pobal iad a ghrinnscrúdú agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Caibidil 4

Saincheisteanna Ginearálta

An Coimisiún um Chaighdeáin i láthair Chomhchoiste an Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí

Tugadh cuireadh i rith 2005 don Choimisiún um Chaighdeáin labhairt le Comhchoiste an Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí. Chuaigh an Cathaoirleach agus triúr comhalta eile den Choimisiún um Chaighdeáin, Emily O'Reilly, Uas., An tUasal John Purcell agus an tUasal Liam Kavanagh i láthair an Choiste an 25 Bealtaine 2005. D'fháiltigh an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an deis sin le labhairt leis an gCoiste agus le ról agus feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin a phlé. Bhain sé leas fosta as an deis le roinnt deacrachtaí a chur chun suntais, a chuaigh dó agus maoirseacht á déanamh aige ar na hAchtanna um Eitic, na hAchtanna Toghcháin agus an tAcht um an Oireachtas 2001. Tagraíodh do go leor de na saincheisteanna sin cheana féin níos luaithe sa Tuarascáil seo.

I measc na saincheisteanna a pléadh, bhí:

- nach bhfuil foráil sna hAchtanna um Eitic a d'fhágfadh go mbeifí in ann Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh i gcúinsí inar mian leis an gCoimisiún um Chaighdeain scéal a fhiosrú nach raibh ina ábhar gearáin leis;

- comparáid idir an Innéacs maidir le hAireachtáil na Caimiléireachta a fhoilsíonn Transparency International go bliantúil agus tuarascáil mheastóireachta ar Éirinn a d'fhoilsigh GRECO (Comhairle na hEorpa - Grúpa na Stát i gCoinne na Caimiléireachta) in 2001;

- rialáil na "dtríú páirtithe" faoi na hAchtanna Toghcháin;

- an tsaincheist maidir le caiteachas toghcháin agus cibé an leor teorainneacha reatha maidir le caiteachas nó ar chóir iad a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le caiteachas ar ábhair toghcháin a mbaintear úsáid astu sula dtosaíonn an tréimhse toghcháin agus nach bhfuil faoi réir ag na teorainneacha caiteachais nó nach éigean cuntas a thabhairt ina dtaobh;

- nach bhfuil ceanglas ar chomhaltaí Dála agus Seanaid nach mbaineann le páirtí, cuntas a thabhairt i gcaiteachas maoiniúcháin arna fháil faoin Acht um an Oireachtas 2001. Forálann an tAcht um an Oireachtas 2001 nach gcuirfidh ach ceannairí parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe amháin Ráitis Chaiteachais an Liúntais ar fáil;

- eisiúint Deimhnithe Imréitigh Chánach do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais;

- an seasamh a ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin i ndáil le forálacha alt 33 den Acht Toghcháin (Leasú) 2004;

- tuairimí a sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin maidir le dréacht-Chód Iompraíochta d'fhostaithe le hÚdaráis Áitiúla.

Athdhearadh shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin cuireadh amach i rith 2005, i gcomhar le hOifig an Ombudsman agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise, ag iarraidh tairiscintí lena shuíomh idirlín a athdhearadh agus a athfhorbairt. Bronnadh an conradh chun na trí shuíomh idirlín go léir a athfhorbairt ar **TERMINAL**FOUR, cuideachta forbartha bogearraí atá ar bun i mBaile Átha Cliath.

Seoladh suíomh idirlín nua an Choimisiúin um Chaighdeáin i mí na Nollag 2005. Tá an suíomh deartha de réir na gcaighdeáin inrochtaineachta is airde leis an rún is go ndéanfaí é sa chaoi is go mbeadh sé níos éasca le léamh agus go soláthródh sé struchtúr soiléir agus go leanfadh na nascanna a chéile go simplí intuigthe. Tá feidhm chuardaigh fheabhsaithe ar an suíomh idirlín freisin agus tá leagan Gaeilge den suíomh ann.

Samhlaítear go mbeidh an suíomh nua ina uirlis luachmhar chun faisnéis a scaipeadh faoin gCoimisiún um Chaighdeain agus faoin reachtaíocht a ndéanann sé maoirseacht uirthi. Táthar ag súil go mbainfidh daoine sa phobal úsáid as chun teacht ar fhaisnéis arna foilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus dóibh súid áta faoi réir an reachtaíocht úsáid as mar áis tagartha maidir leis an mbealach chun reachtaíocht um Eitic, Toghcháin agus um Liúntas Ceannairí Páirtí a chomhlíonadh.

Caibidil 5

Saoráil Faisnéise

Iarratais ar fhaisnéis i rith 2005

Ní bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin aon iarratais go scaoilfí taifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 i rith 2005. Bhí iarratas amháin ar láimh ag tús 2005. Deonaíodh cead iomlán le teacht ar na taifid.

Lámhleabhar Alt 15/16

Tá comh-lámhleabhar foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi Alt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, lena leagtar amach:

(a) a struchtúr agus eagrúchán, a fheidhmeanna, a chumhachtaí agus a dhualgais, cineál na cáipéisíochta arna coinneáil aige agus an próiseas trínar féidir iarratais ar fhaisnéis a dhéanamh, agus

(b) na rialacha, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte, léirmhínithe agus fasaigh ar féidir leis an bpobal a bheith ag súil leo faoi aon achtachán ná scéim arna fheidhmiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin sna réimsí maidir le cinntí, cinní ná moltaí, in éineacht leis an bhfaisnéis chuí i ndáil leis an mbealach nó an mbealach atá beartaithe go riarfar aon achtachán ná scéim den sórt sin.

Tá an lámhleabhar ar fail ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Cosc ar fhaisnéis a nochtadh

Faoi alt 35 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, déantar cion má nochtar faisnéis a fhaightear faoi na hAchtanna um Eitic, nó a fhaightear trí fhreastal ar chruinniú de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin a thionóltar go príobháideach. Téann an cosc sin ar fhaisnéis a nochtadh a fhad le hiarratais ar thaifid arna ndéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Soláthraíonn alt 35 roinnt díolúintí sonracha don dearbhriail sin trínar féidir faisnéis a nochtadh sna cúinsí seo a leanas:

- ag Aire Rialtais nuair a mheasann sé nó sí é a bheith ar mhaithe le leas an phobail;
- ag duine dár soláthraíodh ráiteas leasa má chreideann an duine sin go bhféadfadh coimhlint a bheith ann idir leas a nochtar nó nach nochtar nó i ráiteas, agus leas an phobail;
- ag duine le linn dó nó di a bheith ag feidhmiú a f(h)eidhmeanna;
- ag duine, ar mhaithe le leas an phobail, d'Aire, don Ard-Rúnaí don Rialtas, do Choiste um Leasanna Comhaltaí, don Choimisiún um Chaighdeáin nó, i gcás sealbhóra poist ainmnithe, don údarás ábhartha sa chomhlacht poiblí;
- ag an gCoimisiún um Chaighdeáin de réir ordaithe cúirte;
- ag, nó le cead, duine lena mbaineann an fhaisnéis, i gcás faisnéis atá i dtuarascáil ar imscrúdú arna dhéanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin nó ag Coiste um Leasanna Comhaltaí nach bhfuil curtha os comhair cheachtar den dá Theach (e.g. sa chás nár thángthas ar an gconclúid, i dtuarascáil tar éis don Choimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh ar sheirbhíseach poiblí, gur sáraíodh na hAchtanna um Eitic).

Costais i gcomhair 2005

Tugann an tábla thíos cuntas ar an gcaiteachas a tharraing an Coimisiún um Chaighdeáin air féin in 2005. Taispeántar na figiúir i gcomhair 2004 freisin chun críocha comparáide. Déantar socrú don chaiteachas i bhFocheann B de Vóta 18 [Ombudsman].

	2004 € '000	2005 € '000
Tuarastail Foirne	574	616
Taisteal agus Costais	8	2
Speansais Theagmhasacha	165	143
Teileachumarsáidí Postais	22	18
Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	42	40
Áitreabh Oifige	22	26
Táillí Comhairleachta agus Dlí	31	41
IOMLÁN	**864**	**886**

Caibidil 5: Aguisíni

Aguisín 1

Tríú Páirtithe atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeain ó 1 Eanáir 2002

2002
Feachtas ar son na Beatha
Cumann Ghluaiseacht ar son na Beatha
Cumann Phleanáil Chlainne na hÉireann
Comhghuaillíocht ar son na Beatha
Athchóiriú um Ghinmhilleadh
Éire ar son na Beatha
Comhghuaillíocht ar son Vóta NÍ HEA
Eagraíocht Togh Iarrthóirí Cheatharlach
Gaillimh ar son Comhshaoil Shábháilte
Comhghuaillíocht um Loscadh Ar Bith
Grúpa Aicsin fán N9
Éire ar son na hEorpa
Comhghuaillíocht na hÉireann ar son na hEorpa
Soláthraithe Rochtana Eorpaí Teoranta
IFSC ar son Sea
Feachtas NÍ HEA do Nice
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Comhghuaillíocht Mhíchumais ar son na hEorpa
Críostaithe Buartha i gcoinne Nice
Cothrom san Eoraip
An tArdán Náisiúnta
An tUasal Anthony Coughlan
An Feachtas um Smacht ar Inimirce
Comhghuaillíocht i gcoinne Nice
Mná ar son Vóta Sea
Daonlathaigh i gCoinne Nice
PANA

2003
Comhghuaillíocht Thionscal Fáilteachais na hÉireann

2004
Feachtas Stop Bush
NASC

2005
An Chomhairle um Chearta Daonna

Aguisín 2

Foilseacháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin i 2005

Na hAchtanna um Eitic
1. Cód Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse (Feabhra 2005)

2. Treoirlínte maidir le Forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a Chomhlíonadh - Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí (3ú hEagrán) (Meitheamh 2005)

Achtanna Toghcháin agus Acht um an Oireachtas 2001
1. Toghchán an Uachtaráin 2004 - tuairisceáin reachtúla arna bhfáil ó ghníomhaire thoghchán na huachtaránachta (21 Eanáir 2005)

2. Treoirlínte d'iarrthóirí, ghníomhairí toghcháin agus ghníomhairí náisiúnta i leith Fhothoghchán Dála Chill Dara Thuaidh agus na Mí an 11 Márta 2005 (Feabhra 2005)

3. Ráitis um Thabhartais agus Dearbhuithe Reachtúla, i leith 2004, arna gcur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ag comhaltaí agus iarchomhaltaí dhá Theach an Oireachtais, ag ionadaithe i bParlaimint na hEorpa agus ag daoine eile, de bhun alt 24 d'Acht Toghcháin 1997 (7 Aibreán 2005)

4. Ráitis Chaiteachais agus Tuarascálacha na nIniúchóirí Poiblí, i leith 2004, arna gcur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, i leith 2004, de bhun alt 1.10(11)(a) agus Alt 1.10(11)(d) den Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001 (31 Bealtaine 2005)

5. Ráitis Bhliantúla um Thabhartais agus Dearbhuithe Reachtúla, i leith 2004, arna gcur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ag páirtithe polaitíochta de bhun alt 24 d'Acht Toghcháin 1997 agus Ráitis Bhliantúla Chaiteachais Státchiste agus Tuarascálacha na nIniúchóirí, i leith 2004, arna gcur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ag páirtithe polaitíochta cáilithe de bhun alt 20 d'Acht Toghcháin 1997 (2 Meitheamh 2005)

6. Ráitis um Thabhartais agus Dearbhuithe Reachtúla arna bhfáil ó iarrthóirí nár éirigh leo ag Fothoghcháin Dála Chill Dara Thuaidh agus na Mí an 11 Márta 2005 agus Ráitis maidir le Speansais Toghcháin agus Dearbhuithe Reachtúla arna bhfáil ó ghníomhairí toghcháin iarrthóirí, ó ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta agus ó dhaoine eile ag Fothoghcháin Dála Chill Dara Thuaidh agus na Mí an 11 Márta 2005 (15 Iúil 2005)

Is féidir breathnú ar na foilseacháin thuas go léir ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin - **www.sipo.gov.ie**

Aguisín 3

Moltaí maidir le hathruithe ar an Reachtaíocht um Eitic agus Toghcháin

Tá roinnt athruithe molta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar na hAchtanna um Eitic agus Toghcháin araon ag tráthanna éagsúla; tá achoimre déanta ar roinnt díobh sin thíos.

Reachtaíocht um Eitic

- Foráil go gceapfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin oifigeach fiosrúcháin chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh ar scéal nach bhfuil ina ábhar gearáin, ach go measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cuí amhlaidh a dhéanamh.

- Foráil i rialacháin lena leasófaí Alt 5(2) lena gceanglaítear ar chomhaltaí ráitis nach bhfuil leasanna 'ar bith' acu, a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin seachas don Chléireach ábhartha, le bheith déanta i reachtaíocht phríomhúil chun fáil réidh le hamhras ar bith maidir lena bunreachtúlacht.

- Foráil, sa chás go gcuireann comhalta tofa nó duine a cheaptar in oifig shinsearach i gcomhlacht poiblí ráiteas iarratais ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, lena dtugtar le fios go bhfuil iarratas curtha isteach ag an duine chuig Oifig an Ard-Bhailitheora go n-eiseofaí deimhniú imréitigh chánach dó nó di agus nach bhfuil cinneadh déanta, go mbeadh sé de cheangal ar an duine sin deimhniú imréitigh chánach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin sa chás go n-eiseofar deimhniú den sórt sin dó nó di ina dhiaidh sin.

- Foráil go ndéanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin de réir a bhreithiúnais féin maidir le cibé an bhfuil údar ceart le himscrúdú a dhéanamh maidir leis na ceanglais ar chomhaltaí tofa agus ar dhaoine a cheaptar in oifig shinsearach a bheith sáraithe, chun fianaise a sholáthar gur comhlíonadh reachtaíocht shonraithe chánachais.

- Leasuithe ar na teorainneacha ama, a bhfuil dearbhuithe reachtúla, deimnithe imréitigh chánach agus ráitis iarratais le déanamh nó le heisiúint agus le cur ar fáil don Choimisiún, lena linn - mar shampla, d'fhéadfaí deimnithe imréitigh chánach a eisiúint agus a chur ar fáil don Choimisiún faoi cheann sé mhí seachas naoi mí mar atá amhlaidh faoi láthair agus go bhféadfaí dearbhuithe reachtúla a dhéanamh agus a chur ar fáil faoi cheann trí mhí seachas a bheith déanta faoi cheann míosa amháin agus curtha ar fáil faoi cheann naoi mí mar atá amhlaidh faoi láthair.

- Athbhreithniú ar an scála ama maidir le duine a thabhairt chun dlí mar gheall ar chionta a d'fhéadfadh a bheith déanta maidir le dearbhuithe reachtúla bréagacha a dhéanamh.

- Foráil maidir le dáta chéad tionól an Tí ábhartha den Oireachtas a bhfuil úsáid le baint as mar an dáta toghcháin, a dhéanamh amach chun críocha na dteorainneacha ama nach mór do chomhalta tofa a d(h)earbhú reachtúil a dhéanamh agus deimhniú imréitigh chánach nó ráiteas iarratais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin lena linn.

- Alt 24(2)(b)(ii) d'Acht 2001 um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 a leasú chun foráil gur chóir tuarascáil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, maidir leis na forálacha um imréiteach cánach a bheith sáraithe ag Ard-Aighne nach bhfuil ina chomhalta den Oireachtas agus a chomhlíon na forálacha ina dhiaidh sin, a chur chuig dhá Theach an Oireachtais seachas chuig 'an Teach' mar a fhoráiltear faoi láthair.

- Go n-ainmneofar Cathaoirligh Choistí an Oireachtais mar Shealbhóirí Oifige chun críocha na nAchtanna um Eitic - .i. go mbeadh ceanglais na nAchtanna maidir le leasanna a nochtadh infheidhmithe ina leith. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí thairiscint sna Tithe - níl leasuithe ar na hAchtanna riachtanach.

Reachtaíocht Toghcháin

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin i mí na Nollag 2003 agus mhol raon leasuithe ag an tráth sin. San áireamh leo bhí:

- Mar an comhlacht a bhfuil freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin, ba chóir go mbeadh bonn reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar a ndéanfaí athbhreithniú ar an reachtaíocht agus tuairisceoireacht ar thorthaí an athbhreithnithe sin.

- Ní mór ailt áirithe den Acht a leasú chun an fhíric a thógáil san áireamh go bhfuil a gcuid ceanglas tuairisceoireachta féin ag Comhaltaí le hÚdaráis Áitiúla agus ag iarrthóirí ag toghcháin áitiúla, faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 faoi mar a leasaíodh

le hAcht Toghcháin (Leasú) 2001 agus nach bhfuil feidhm mhaoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an reachtaíocht sin.

- Forálacha le haghaidh cionta agus pionós má theipeann ar dhuine forálacha Chodanna IV, V agus VI den Acht Toghcháin a chomhlíonadh - baineann na codanna sin le tabhartais a nochtadh chomh maith le caiteachas ag iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ag toghcháin Dála agus Pharlaimint na hEorpa, chomh maith le tabhartais agus speansais toghcháin ag toghcháin uachtaránachta, faoi seach.

- Forálacha le haghaidh cion agus pionóis má theipeann ar dhuine iarratas ón gCoimisiún um Chaighdeáin (faoi alt 4(4) den Acht) a chomhlíonadh maidir le faisnéis nó cáipéisíocht a sholáthar.

- Ba chóir an sainmhíniú ar "institiúid airgeadais" chun críocha cuntais tabhartas polaitíochta a oscailt, a leasú chun comhair chreidmheasa a chur san áireamh.

- Foráil le haghaidh tabhartas fuílligh a chur de láimh i gcáis nach bhfuil sé de cheangal ar dhuine cuntas tabhartas polaitíochta a choinneáil ar bun a thuilleadh agus go bhfuil cistí fós sa chuntas nár baineadh úsáid astu.

- Foráil le haghaidh Ráiteas aonair um Thabhartais a chur ar fáil i gcáis ina bhfuil dé-shainordú ag duine nó sa chás, i mbliain áirithe, nár éirigh leis/léi mar TD, Sheanadóir nó Fheisire Eorpach i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach. (Bheadh sé de cheangal faoi láthair ar dhuine den sórt sin Ráiteas bliantúil um Thabhartais a chur ar fáil agus Ráiteas um Thabhartais mar iarrthóir nár éirigh leo ag an toghchán.)

- Ba chóir a bhreithniú cibé, i leith tréimhse sonraithe sula dtosaíonn an tréimhse a shainmhínítear le dlí mar an tréimhse toghcháin, an bhfuil cás ann le roinnt cuntasachta a fhorchur i gcomhthéacs na dteorainneacha caiteachais (.i. go bhféadfaí an tréimhse toghcháin a leathnú chun tréimhse roimh lánscor don Dáil a chur san áireamh nó eascaire á mholadh ag toghchán).

- Ba chóir an sainmhíniú ar "mhionspeansais" a theorannú go dtí €126.97 in aghaidh an iarrthóra in aghaidh an toghcháin.

- Foráil go mbeidh iarrthóir (nó duine eile) ciontach i gcion sa chás, ag tráth ar bith roimh, i rith nó i ndiaidh an toghcháin, go dteipeann air/uirthi an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do ghníomhaire toghcháin nó do ghníomhaire náisiúnta chun críocha éascú le Ráiteas Speansas Toghcháin an ghníomhaire a chomhlánú. Pionós a sholáthar don chion sin.

- Níor chóir an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le "tríú páirtí" a dhéanamh amach ar an mbonn cibé a bhfuil tabhartas faighte ag duine/grúpa ach ba chóir go ndíreodh sé ar chaiteachas ag daoine/grúpaí agus ar iad a mheas mar thríú páirtithe má bhíonn futhu caiteachas os cionn tairsigh áirithe a tharraingt orthu féin, abair €5,000, i ndáil le feachtas atá chun críocha polaitíochta faoi mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht.

- Ba chóir an próiseas clárúcháin do "thríú páirtithe" agus do "dhaoine eile" (a bhfuil futhu speansais toghcháin a tharraingt orthu féin) a chónascadh.(Ba chóir nach mbeadh aon ghá go gcláródh duine/grúpa mar "thríú páirtí" agus go gcláróidís mar "dhuine eile" freisin.)

- Molann an reachtaíocht, nuair atá duine/grúpa cláraithe mar thríú páirtí, ceanglaítear orthu cáipéisíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar bhonn bliantúil cé nach bhfuil sé gníomhach chun críocha polaitíochta a thuilleadh. Is é an cur chuige atá an Coimisiún um Chaighdeáin tar éis a thógáil sa scéal seo ná iarraidh ar thríú páirtithe a dhearbhú cibé an bhfuil futhu leanúint ar aghaidh le bheith ar an saol. Mura bhfuil, ní dhéanfar aon teagmháil eile leo. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo agus é a shoiléiriú.

- Ba chóir cuimhneamh ar theorainn a fhorchur ar an méid caiteachais ar féidir le "tríú páirtí"/"duine eile" a tharraingt orthu féin ag toghchán. Mar shampla, má bhíonn "tríú páirtí"/"duine eile" ag dul in éadan iarrthóra áirithe ag an toghchán, níor chóir go rachfadh an méid caiteachais gur féidir leis an "tríú páirtí"/"duine eile" a tharraingt orthu féin, dul os cionn na teorainne reachtúla caiteachais atá infheidhmithe i leith an iarrthóra sin.